Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14598/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0365(COD)**

**MI 805**
**ENV 1137**
**ENT 155**
**CODEC 1709**
**IA 181**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 586 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 586 final.

Faoi iamh: COM(2022) 586 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 10.11.2022
COM(2022) 586 final

2022/0365 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 397 final} - {SWD(2022) 358 final} - {SWD(2022) 359 final} - {SWD(2022) 360 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is gá saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a áirithiú ionas go bhfeidhmeoidh an margadh aonair i gceart. Chuige sin, cumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle córas cuimsitheach um chineálcheadú agus faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí, leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin. Dá bhrí sin, déantar na ceanglais theicniúla a bhaineann le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall maidir le hastaíochtaí a chomhchuibhiú freisin chun nach mbeidh ceanglais dhifriúla ann ó Bhallstát amháin go chéile agus chun ardleibhéal cosanta comhshaoil agus sláinte a áirithiú.

Tá truailliú aeir fós ina riosca comhshaoil agus sláinte mór san Eoraip. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar cháilíocht an aeir, nochtar cion suntasach de dhaonra uirbeach an Aontais fós do chomhchruinnithe truailleán os cionn na dteorainneacha arna sainiú ag an Treoir um Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh[1]. Meastar go raibh truailliú aeir ina chúis le níos mó ná 300 000 bás anabaí san AE- 28 in 2018[2]. D'ainneoin go bhfuil ról ag earnálacha eile freisin, is rannchuiditheoir mór le truailliú aeir fós é iompar ar bhóthar. Bhí sé freagrach ar an meán as 39 % de na hastaíochtaí díobhálacha $NO_x$ in 2018 (47 % i limistéir uirbeacha[3]) agus 11 % d'astaíochtaí foriomlána $PM_{10}$ in 2018[4].

Straitéis nua fáis don Aontas is ea an **Comhaontú Glas don Eoraip**[5] arb é is aidhm dó sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua- aimseartha, iomaíoch, a bheidh tíosach ó thaobh acmhainní de. Ba cheart don Aontas freisin an claochlú digiteach agus na huirlisí is gá a chur chun cinn agus infheistiú iontu mar go bhfuil siad seo fíor- riachtanach chun na hathruithe a chumasú. Go deimhin, is féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach cuidiú chun astaíochtaí domhanda a ghearradh, cáilíocht na beatha a bhreisiú agus lorg comhshaoil sochtaí a laghdú, mar shampla trí úsáid fuinnimh a bharrfheabhsú agus monatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí san iompar[6]. D'fhonn neodracht ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050 agus uaillmhian maidir le truailliú nialasach le haghaidh comhshaol saor ó thocsainí, is gá do gach earnáil athrú, lena n- áirítear iompar ar bhóthar. Fógraíodh leis an gComhaontú Glas don Eoraip gur glacadh le togra le haghaidh caighdeáin astaíochtaí truailleán aeir níos géire le haghaidh feithiclí innill dócháin (Euro 7).

Chun dlús a chur le dícharbónú an iompair ar bhóthar, mhol an Coimisiún i mí Iúil 2021 leasú le Rialachán maidir le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna[7], lena áirithiú go mbeidh bealach soiléir i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha[8]. Thairis sin, ghlac an Coimisiún i mí na Nollag 2020 leis an **Straitéis um**

---

1 Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh
agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1–44)

2 LEE, 2020. Air Quality in Europe – Tuarascáil 2020.

3 JRC, 2019. Urban $NO_2$ Atlas

4 LEE, 2020. Amharcóir sonraí astaíochtaí truailleán aeir (Prótacal Göteborg, Coinbhinsiún LRTAP) 1990- 2018

5 COM(2019) 640 final

6 COM(2021) 118 final

7 COM(2021) 556 final

8 In 2022, leanfaidh togra maidir le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair.

**Shoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste**[9] agus i mí na Bealtaine 2021 leis an **bPlean Gníomhaíochta don Truailliú Nialasach**[10]. De réir na straitéisí sin, ba cheart go mbeadh i bhfad níos lú truaillithe i gceist le hiompar, go háirithe i gcathracha agus meastar go bhfuil Euro 7 ina chuid fhíor- riachtanach den aistriú i dtreo soghluaisteacht ghlan.

An meall mór ar deireadh, cuirtear uirlisí ar fáil sa **Straitéis Nua Eorpach maidir le Tionsclaíocht**[11] chun aghaidh a thabhairt ar an dé- dhúshlán de chlaochlú glas agus digiteach agus le tacú leis an tionscal Eorpach chun uaillmhian an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Cuirfidh creat astaíochtaí truailleáin nua deimhneacht dhlíthiúil agus buntáiste an cheannródaí ar fáil d'earnáil mótarfheithiclí an Aontais. Is gá go bhfanfadh caighdeáin astaíochtaí an Aontais chun tosaigh ar chaighdeáin arna bhforbairt i bpríomh- mhargaí amhail na Stáit Aontaithe agus an tSín, d'fhonn buntáiste iomaíoch a choimeád. D'fhéadfadh bac a bheith ar na margaí sin do mhonaróirí an Aontais mar go mbeadh sé níos costasaí chun ceanglais astaíochtaí a chomhlíonadh i margaí difriúla.

Scarfar aistriú i dtreo flít gluaisteán/veaineanna astaíochtaí nialasacha thar scór bliain ar a laghad, ní hamháin mar gheall go bhfuil saolré 11 bhliain ar an meán ag gluaisteáin/veaineanna. San am céanna, d'fhonn na cuspóirí beartais thuas a bhaint amach, maidir leis na feithiclí innill dócháin inmheánaigh a bheidh fós á gcur ar an margadh, is gá go mbeidh siad chomh glan agus is féidir.

An tráth céanna, tá claochluithe suntasacha eile roimh an tionscal mótarfheithiclí – easnaimh sa slabhra soláthair, tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin, costais fuinnimh agus amhábhar atá ag ardú.

D'ainneoin spriocanna um laghdú astaíochtaí 100 % $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna faoi 2035, an togra atá ar na bacáin chun athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin feidhmíochta $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair, cion méadaitheach na bhfeithiclí tromshaothair le hastaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle agus na bhfeithiclí nua Euro 6d/VI E atá ag teacht isteach sa mhargadh, ní féidir leibhéal íseal truaillithe idir an gearrthéarma agus an meántéarma a shroicheadh le haghaidh astaíochtaí truailleán ó iompar ar bhóthar gan tuilleadh gníomhaíochta. Tá coinne leis go rachfar i ngleic leis an togra sin le trí **fhadhb** shainaitheanta go gcuireann caighdeáin astaíochtaí Euro 6/VI go neamhleor le laghdú is gá ar astaíochtaí truailleán ó iompar ar bhóthar. Is iad na fadhbanna sin: (1) castacht na gcaighdeán astaíochtaí feithiclí, (2) teorainneacha truailleán feithiclí atá imithe i léig; agus (3) rialú neamhleor ar fhíorastaíochtaí feithicle.

Is cuspóir dúbailte é **cuspóir ginearálta** an tionscnaimh: (1) lena áirithiú go bhfeidhmíonn an margadh aonair i gceart trí rialacha níos leordhóthanaí, níos éifeachtaí ó thaobh costais agus atá slán i bhfad na haimsire a shocrú le haghaidh astaíochtaí feithicle; agus (2) chun ardleibhéal cosanta comhshaoil agus sláinte san Aontas a áirithiú trí astaíochtaí truailleán aeir ón iompar ar bhóthar a laghdú tuilleadh.

Rannchuideoidh an tionscnamh seo leis an gcuspóir ginearálta a bhaint amach trí thabhairt faoi na trí **chuspóir shonracha** a leanas. Déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(1) Castacht chaighdeáin astaíochtaí Euro atá i bhfeidhm faoi láthair a laghdú.

(2) Teorainneacha cothrom le dáta a sholáthar maidir leis na truailleáin aeir ábhartha uile.

[9] COM(2020) 789 final

[10] COM(2021) 400 final

[11] COM(2020) 102 final agus COM(2021) 350 final

(3) Feabhas a chur ar rialú fíorastaíochtaí.

Baineann tábhacht shuntasach le rialú fíorastaíochtaí le linn shaolré feithicle maidir leis an margadh tábhachtach athláimhe do roinnt tíortha de chuid an Aontais, ach do réigiúin eile freisin, amhail an Afraic nó an Meánoirthear. Tá sé mar aidhm le togra Euro 7 astaíochtaí feithicle a laghdú le linn chuid níos faide de shaolré feithicle, dá bhrí sin ag dul chun tairbhe úsáideoirí athláimhe freisin. Go háirithe, a mhéid a bhaineann le cuspóir sonrach (3), beidh tionchar go fóill ag gluaisteáin roimh Euro 7 ar cháilíocht aeir go ceann roinnt blianta le teacht. D'fhéadfaí dreasachtaí iomchuí a chur i bhfeidhm le haghaidh gluaisteán níos sine a iarfheistiú chun ceanglais Euro 7 a chomhlíonadh le haghaidh astaíochtaí sceithphíopa ach freisin le haghaidh astaíochtaí bonn agus coscán. Ina theannta sin, chun laghdú astaíochtaí ón bhflít atá ann faoi láthair a luathú agus chun dlús a chur leis an aistriú chuig iompar astaíochtaí nialasacha, tá sé tábhachtach tiontú feithiclí inneall dócháin inmheánaigh a spreagadh chuig feithiclí leictreacha ceallra nó breosla- chille.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Soláthraítear i Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle creat ginearálta maidir le ceadú agus faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, mar aon le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin.

Tá caighdeáin astaíochtaí Euro le haghaidh feithiclí (Rialacháin 715/2007 agus 595/2009) mar chuid den chreat thuas[12]. Tá siad idirnasctha le roinnt forálacha beartais atá ann faoi láthair agus tograí beartaithe ina dtéitear i ngleic le truailleáin aeir ón iompar ar bhóthar chomh maith le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ a[13] lena laghdaítear truailleáin aeir mar chomhthairbhe. Leis an togra reachtach maidir le caighdeáin astaíochtaí Euro 7 le haghaidh gluaisteán, veaineanna, leoraithe agus busanna feabhsaítear comhsheasmhacht chaighdeáin astaíochtaí Euro leis na bearta a leanas.

Tá sé mar aidhm leis an **Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (AAQD)**[14] cáilíocht an aeir a fheabhsú trí theorainneacha a shocrú le haghaidh comhchruinnithe an aeir chomhthimpeallaigh de thruailleáin aeir shonracha ó gach foinse truailleán aeir (e.g. talmhaíocht, fuinneamh, monaraíocht, etc.). Tá sé mar aidhm leis an **Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (NECD)**[15] astaíochtaí truailleán aeir náisiúnta a laghdú trí thiomantais laghdaithe náisiúnta a leagan síos le haghaidh truailleáin aeir shonracha, le laghduithe ó gach earnáil, lena n- áirítear iompar ar bhóthar. An 26 Deireadh Fómhair 2022 ghlac an Coimisiún le togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh[16]. San athbhreithniú a bheartaítear, leagfar amach caighdeáin 2030 an Aontais um cháilíocht an aeir, a bheidh ailínithe níos dlúithe le treoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte, agus an tAontas a chur ar chonair chun truailliú nialasach, maidir leis an aer, a bhaint amach faoi 2050. Gné thábhachtach is ea togra Euro 7 chun an uaillmhian sin a sheachadadh agus chun rannchuidiú le cuspóirí bheartas aeir ghlan an Aontais, lena n- áirítear athbhreithniú ar AAQD. Trína áirithiú go laghdaítear gach astaíocht truailleán aeir ábhartha ó iompar ar bhóthar atá comhsheasmhach le cumhdach

[12] Le fáil in Iarscríbhinn II de Rialachán 2018/858
[13] Rialachán (AE) 2019/631 agus Rialachán (AE) 2019/1242
[14] Treoir 2008/50/CE
[15] Treoir (AE) 2016/2284
[16] COM(2022) 542, Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip

agus spriocanna truailleán aeir AAQD/NECD, tacaítear go suntasach sa togra le haghaidh chaighdeáin Euro 7 le Ballstáit chun a gceanglais a bhaint amach faoi AAQD agus NECD.

Tacaíonn caighdeáin astaíochtaí **$CO_2$** le huaillmhian aeráide an Aontais a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach[17], a bhfuil sé mar aidhm leis astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú faoi 55 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990. I mí Iúil 2021, mhol an Coimisiún athbhreithniú agus láidriú a dhéanamh ar chaighdeáin astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh gluaisteán/veaineanna[18], agus meastar go mbeidh an t- athbhreithniú ar chaighdeáin le haghaidh feithiclí tromshaothair faoi dheireadh 2022. De bhrí go gcuirtear chun cinn i gcaighdeáin astaíochtaí $CO_2$ teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha, amhail feithiclí leictreacha, téitear i ngleic i gcaighdeáin nua Euro 7 le hastú truailleán aeir díobhálach ó innill dócháin agus astaíochtaí nach astaíochtaí sceithphíopa iad ó fheithiclí leictreacha a bhfuil sé d'aidhm leo sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Dá bhrí sin, fanann cuspóirí ginearálta Euro 7 bailí a mhéid is a leanfaidh innill dócháin inmheánaigh ag astú truailleán sceithphíopa, agus rannchuideoidh gach feithicil le hastaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad. D'ainneoin na sprice beartaithe de laghdú 100 % CO2 faoi 2035 le haghaidh gluaisteán/veaineanna, beidh an líon feithiclí a chuirtear ar an margadh le hinnill dócháin (lena n- áirítear gluaisteáin hibrideacha) fós tábhachtach, go háirithe le haghaidh leoraithe/busanna. Meastar go bhfuil caighdeáin $CO_2$ agus astaíochtaí truailleán comhlántach chun uaillmhian aeráide agus truailliú nialasach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach agus rannchuidiú leis an athrú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe.

Tá sé de chuspóir le **Treoracha um Ródacmhainneacht**[19] sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú san Aontas agus chun feidhmíocht comhshaoil feithiclí a áirithiú, trí bhíthin tástáil thráthrialta a dhéanamh ar fheithiclí le linn a saolré oibriúcháin. A mhéid a bhaineann le hastaíochtaí, tá sé de chuspóir leo rannchuidiú le laghdú astaíochtaí truailleán aeir trí fheithiclí a bhrath ar bhealach níos éifeachtaí atá ag astú an iomarca de bharr lochtanna teicniúla, trí chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla agus cigireachtaí cois bóthair. Tá gnéithe sa togra seo chun tacú leis an gcuspóir sin, lena n- áirítear gnéithe arna gcur chun feidhme trí Fhaireachán ar Bord, a bhfuil coinne leis go mbeidh coigilteas costais dá thoradh. D'fhéadfadh sásraí den sórt sin a bheith ina bpríomhuirlis sna Treoracha um Ródacmhainneacht de réir a chéile, chun nósanna imeachta cigireachta atá i bhfeidhm faoi láthair a nuachóiriú agus costais riaracháin a laghdú. Is gá go gcuirfear san áireamh san athbhreithniú atá ag teacht aníos ar na Treoracha um Ródacmhainneacht na sásraí nua sin, lena n- áirítear chun bearta a chur chun feidhme is gá a fhorbairt faoin athbhreithniú ar an bpacáiste um Ródacmhainneacht[20].

Ina theannta sin, tá an **Treoir Eoraifínéid**[21], ina leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le muirir bhonneagair bóthair, agus an **Treoir um Fheithiclí Glana**[22]**,** ina gcuirtear chun cinn réitigh soghluaisteachta ghlana trí sholáthar poiblí, tá na treoracha sin comhsheasmhach le cuspóirí ginearálta na gcaighdeán Euro. Go háirithe, tacaítear iontu leis an éileamh ar fheithiclí glana trína cheadú do Bhallstáit muirir bhóthair a éagsúlú ar astaíochtaí truailleán

[17] Rialachán 2021/119 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach')

[18] COM(2021) 556 final

[19] Treoir 2014/45/AE maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí; Treoir 2014/47/AE maidir le cigireacht theicniúil cois bóthair ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála a bhíonn ag gluaiseacht laistigh den Aontas

[20] Sábháilteacht feithicle – athbhreithniú a dhéanamh ar phacáiste ródacmhainneachta an Aontais (europa.eu)

[21] Treoir 1999/62/CE maidir le muirear a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as bonneagair áirithe a úsáid

[22] Treoir 2019/1161/AE maidir le feithiclí iompair ar bhóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn

feithiclí agus trí sholáthar poiblí. Forordaítear sa **Treoir um Cháilíocht Breosla**[23] saintréithe cáilíochta breosla an bhreosla a dhíoltar sa mhargadh agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach do chaighdeáin Euro.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Mar chuid de straitéis dhigiteach an Aontais agus tar éis na Teachtaireachta maidir le **straitéis sonraí Eorpach**[24] tá Gníomh Sonraí curtha chun cinn ag an gCoimisiún chun tacú le comhroinnt sonraí idir gnólachtaí agus rialtais agus idir gnólachtaí. Cuirtear creat cothrománach ar fáil sa ghníomh seo maidir le rochtain ar shonraí a fheabhsú agus comhroinnt sonraí ar fud earnálacha. Tugann fadhbanna sonracha san earnáil mótarfheithiclí i gcomhthéacs rochtain ar shonraí infheithicle údar leis an nGníomh Sonraí a chomhlánú le tionscnamh sonrach. Ba cheart go n- áiritheofaí leis an tionscnamh seo go bhfuil íos- sraith sonraí agus feidhmeanna ar fáil, chomh maith le coinníollacha rochtana córa le haghaidh gach soláthraí seirbhísí mótarfheithiclí. Trí infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí infheithicle a áirithiú, bheadh an tionscnamh seo comhlántach leis an togra Euro 7 seo mar go n- éascódh sé glacadh barrfheabhsaithe an fhaireacháin astaíochtaí leanúnaigh.

Tugtar san áireamh sa **Straitéis Eorpach maidir le Tionsclaíocht Nua**[25] na cúinsí nua a dhíorthaítear as an ngéarchéim, chomh maith le claochlú leanúnach chuig geilleagar níos inbhuanaithe, níos digití, níos athléimní agus níos iomaíche go domhanda. Leagann sé síos tosaíochtaí agus sainíonn sé cuspóirí nua maidir le hathléimneacht an Mhargaidh Aonair a láidriú, ag déileáil le spleáchais straitéiseacha, ag nascadh gníomhaíochtaí spriocdhírithe i réimsí an chreata rialála, tacaíocht nuálaíochta, rochtain ar amhábhair agus fuinneamh dícharbónaithe, scileanna agus spásanna sonraí, chun an t- aistriú dúbailte a luathú. Cuirtear uirlisí ar fáil sa Straitéis seo chun aghaidh a thabhairt ar an dé- dhúshlán de chlaochlú glas agus digiteach agus chun tacú leis an tionscal Eorpach chun uaillmhian an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Cuirfidh creat astaíochtaí truailleáin nua deimhneacht dhlíthiúil agus buntáiste an cheannródaí ar fáil d'earnáil mótarfheithiclí an Aontais, ag seachaint an riosca de thitim taobh thiar de dhlínsí móra eile chun caighdeáin astaíochtaí truailleáin nua a leagan amach.

Sa **Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (ELV)**[26] tá rialacha maidir le bailiúchán, cóireáil agus aisghabháil feithiclí a bhfuil a ré caite agus a gcomhpháirteanna, chomh maith le srianta ar shubstaintí guaiseacha i bhfeithiclí nua. Ina scáth- threoir, an **Treoir Cineálcheadaithe 3R**[27]**,** nasctar dearadh feithiclí nua lena n- ath- inúsáidteacht, a n- in- athchúrsáilteacht agus a n- in- aisghabháltacht. Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú ar na Treoracha sin in 2023 i gcomhréir le huaillmhian an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an **Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach**[28]**.** Cé go bhfuil sé mar aidhm le togra Euro 7 astaíochtaí feithicle a laghdú le linn cuid níos faide de shaolré feithicle trí cheanglais marthanachta a shíneadh, comhlánaíonn athbhreithniú ar an Treoir ELV trí bhreathnú ar an bhfadhb a bhaineann le honnmhairiú feithiclí truaillithe lochtacha lasmuigh den Aontas Eorpach.

---

[23] Treoir 2009/30/CE maidir le sonraíocht peitril, díosail agus gás- ola agus lena dtugtar isteach sásra chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus iad a laghdú
[24] COM(2020) 66 final
[25] COM(2020) 102 final agus COM(2021) 350 final
[26] Treoir 2000/53/CE maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite
[27] Treoir 2005/64/CE i dtaca le hath- inúsáidteacht, in- athchúrsáilteacht agus in- aisghabháltacht feithiclí
[28] COM(2020) 98 final

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach freisin le **Next Generation EU**[29], go háirithe an **tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta**[30] (RRF) agus sa tionscadal suaitheanta "Athluchtú agus Athbhreoslú", ina gcuirtear chun cinn teicneolaíochtaí glana a bheidh slán i bhfad na haimsire chun dlús a chur le húsáid iompair inbhuanaithe, inrochtana agus chliste, stáisiún athluchtaithe agus athbhreoslaithe agus iompar poiblí a leathnú. Tríd an gcistiú RRF seo agus freisin cláir infheistíochta spriocdhírithe faoi **InvestEU**[31] nó **Fís Eorpach**[32], leithdháilfear acmhainní chun acmhainneacht fáis an gheilleagair a ardú chomh maith le luas a chur faoin gclaochlú glas, go suntasach trí ghlacadh le réitigh nuálacha agus teicneolaíochta ísealastaíochtaí slán i bhfad na haimsire.

Comhtháthaítear sa tionscnamh sin freisin an gá chun aistriú glas ceart agus cóir a áirithiú, ag tacú go háirithe le saoránaigh leochaileacha i réimse an iompair: tá sé comhsheasmhach le **Tuarascáil Deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa** (togra 18.3) go háirithe a mhéid a bhaineann le hinacmhainneacht modhanna iompair agus feithiclí a fheidhmíonn ar theicneolaíochtaí neamhthruaillitheacha.

Chomh maith leis sin, tá an tionscnamh comhleanúnach leis an togra le déanaí lenar leasaíodh an Dlí Tomhaltais Eorpach, go háirithe an **Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha**[33] agus an **Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí**[34], chun rannchuidiú le geilleagar ciorclach, glan agus glas san Aontas trí thomhaltóirí a chumasú chun cinntí ceannacháin eolacha a ghlacadh agus dá bhrí sin rannchuidiú le tomhaltas níos inbhuanaithe.

Ar deireadh, d'fhonn comhsheasmhacht ar fud na mbeartas a atreisiú, agus mar a fógraíodh ina Theachtaireacht um **Rialáil Níos Fearr: Leis an dul i bpáirt le chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh**[35], tá feabhas á chur ag an gCoimisiún ar a threoirlínte maidir le rialáil níos fearr lena áirithiú go gcomhlíonfar lena chuid tionscnamh uile an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', rud a fhágann go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a shocraítear faoin Dlí Aeráide Eorpach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Rannchuidíonn an reachtaíocht maidir le cineálcheadú le haghaidh mótarfheithiclí le cur chun feidhme agus feidhmiú an mhargaidh aonair le haghaidh earraí. Tá sé mar aidhm ag an togra seo cur chun feidhme agus forfheidhmiú na reachtaíochta a dhéanamh níos éifeachtaí mar chuid den chuspóir beartais ginearálta straitéis an mhargaidh aonair a dhoimhniú.

Is í an dara cúis cineál trasnáisiúnta an truaillithe aeir agus an iompair ar bhóthar. Cé gur in aice lena bhfoinse a bhíonn an tionchar is measa ag na mórthruailleáin aeir thocsaineacha, ní ar an leibhéal áitiúil amháin a imrítear tionchar ar cháilíocht an aeir; is fadhb thromchúiseach

29 COM(2020) 456 final
30 Rialachán (AE) 2021/241
31 Rialachán (AE) 2021/523
32 Rialachán (AE) 2021/695
33 Treoir 2005/29/CE
34 Treoir 2011/83/AE
35 COM(2021) 219 final

chomhshaoil é an truailliú trasteorann agus is minic a thugann sé dúshlán do na réitigh náisiúnta. Léirítear i samhaltú atmaisféarach go gcuireann an truailliú a astaítear i mBallstát amháin leis an truailliú i mBallstáit eile. Is gá gníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal an Aontais le fadhb an truaillithe aeir a réiteach.

Tá caighdeáin astaíochtaí a fhorbairt ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus rialachas iomchuí a bhunú lárnach ionas nach nglacfaidh Ballstáit le bearta náisiúnta eile a d'fhéadfadh gan a bheith comhréireach ná comhsheasmhach (e.g. bearta a chuireann teorainn le limistéir áirithe). Chruthódh bearta den sórt sin constaicí suntasacha don tionscal agus bheidís ina riosca mór don mhargadh aonair. Dá bharr sin, tá údar foriomlán le comhchuibhiú leanúnach i ngníomhaíocht an Aontais chun astaíochtaí feithicle a laghdú a thuilleadh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach mar déantar foráil leis maidir leis an athrú dlíthiúil is gá agus, san am céanna, ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach chun astaíochtaí truailleán ó mhótarfheithiclí a laghdú ar thaobh amháin agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do mhonaróirí feithiclí ar an taobh eile. Déantar foráil leis maidir leis na coinníollacha dlíthiúla is gá chun cothrom iomaíochta do mhonaróirí a choinneáil a mhéid is féidir.

- **An rogha ionstraime**

Meastar gurb iomchuí Rialachán a úsáid toisc go dtugtar dearbhú leis le haghaidh chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú díreach agus comhchuibhithe gan gá lena dtrasuí i reachtaíocht na mBallstát.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireacht ex-post ar reachtaíocht reatha**

Chinn an Coimisiún cur chuige i ndiaidh a chéile a cheadú ina ndearnadh an mheastóireacht agus an measúnú tionchair go comhthreomhar mar phróiseas aonair chun an treochlár a leagadh amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip[36] a chomhlíonadh. Ar an gcaoi sin, úsáideadh torthaí na meastóireachta a áirítear in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an Measúnú Tionchair mar bhuntaca le machnamh breise ar cibé a leanann nó nach leanann caighdeáin astaíochtaí Euro 6/VI ag soláthar chosaint comhshaoil ardleibhéil san Aontas agus chun feidhmiú ceart an mhargaidh aonair le haghaidh mótarfheithiclí a áirithiú.

Rinneadh measúnú sa mheastóireacht ar ghnóthachtálacha an rialacháin in aghaidh na gcuspóirí a leagtar amach i reachtaíocht Euro 6/VI. Cinneadh ann go bhfuil cuspóirí Euro 6/VI chun cáilíocht aeir a fheabhsú trí thruailleáin a laghdú ó iompar ar bhóthar agus chun rialacha comhchuibhithe maidir le tógáil mótarfheithiclí fós an- ábhartha. Ina theannta sin, suíodh go raibh na rialacháin comhleanúnach ar bhonn leathan agus go raibh feithiclí i bpáirt níos glaine ar bhóithre an Aontais mar thoradh orthu agus go raibh nósanna imeachta tástála Euro 6/VI éifeachtach i bpáirt. Is ann do chostais rialála, ach ar an iomlán suitear go bhfuil rialacháin Euro 6/VI costéifeachtach. Ghin siad breisluach suntasach freisin don Aontas, rud nach bhféadfaí a dhéanamh a mhéid céanna trí bhíthin bearta náisiúnta.

[36] COM(2019) 640 final

Seo a leanas príomhchonclúidí na meastóireachta:

- Tá feithiclí níos glaine i bpáirt ar bhóithre an Aontais bainte amach ag na Rialacháin.
- Ó cuireadh chun feidhme teorainneacha astaíochtaí Euro VI thiar in 2013 agus teorainneacha astaíochtaí Euro 6 thiar in 2014 suas go dtí 2020, tá astaíochtaí $BO_x$ laghdaithe 22 % le haghaidh gluaisteán agus veaineanna agus 36 % le haghaidh leoraithe agus busanna. Tá laghdú 28 % le haghaidh gluaisteán agus veaineanna, agus laghdú 14 % le haghaidh leoraithe agus busanna tagtha ar astaíochtaí sceite PM ar bhóithre an Aontais.
- Chuir na Rialacháin srian de chineál ar thionchair dhiúltacha sláinte de chuid an iompair ar bhóthar a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le galair riospráide agus chardashoithíocha arna n- ionanálú.
- Meastar gurb ionann costais rialála le haghaidh an tionscail mótarfheithiclí agus € 357- € 929 in aghaidh na feithicle díosail agus € 80- € 181 in aghaidh na feithicle peitril le haghaidh gluaisteán agus veaineanna, agus suas le € 3 717-€ 4 326 in aghaidh na feithicle tromshaothair. Cé go bhfuil an ceann deiridh i gcomhréir leis na hionchais, le haghaidh gluaisteán agus veaineanna tá costais níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis i dtosach.
- Is cosúil go bhfuil tionchair ar iomaíochas agus nuálaíocht dearfach go ginearálta gan aon chomhartha de shaobhadh iomaíoch.
- Tacaítear i bhforbairtí beartais le déanaí amhail an Comhaontú Glas don Eoraip le cuspóirí Euro 6/VI agus le hábharthacht feabhsúcháin bhreise ar an gcáilíocht aeir trí astaíochtaí a laghdú ó iompar ar bhóthar i gcur chuige aontaithe an Aontais.
- Ghin na Rialacháin glantairbhí eacnamaíocha don tsochaí.
- Cé go bhfuil na Rialacháin comhleanúnach den chuid is mó, sainaithníodh roinnt saincheisteanna comhleanúnachais laistigh de chaighdeáin astaíochtaí Euro 6/VI agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais.
- Níor baineadh amach aon simpliú sna Rialacháin.
- Is é comhchuibhiú an mhargaidh an ghné is ríthábhachtaí de bhreisluach an Aontais agus ní dóchúil go mbeadh gníomhaíocht neamh- chomhordaithe chomh héifeachtúil céanna. Áirithítear sna Rialacháin ceanglais chomhchoiteanna, dá bhrí sin chun costais a íoslaghdú do mhonaróirí, agus deimhneacht rialála a sholáthar.
- Mar sin féin, tá roinnt easnamh ag cosc Rialachán ó cháilíocht aeir a fheabhsú a thuilleadh trí thruailleáin a astaíonn earnáil an iompair ar bhóthar a íoslaghdú. Dá bharr sin, is dóchúil go raibh tionchar ag roinnt gnéithe dearaidh (módúlachtaí) de na Rialacháin ar éifeachtúlacht na Rialachán. Go háirithe:
    - Léirítear sa mheastóireacht thar chéimeanna comhleanúnacha Euro 6/VI go bhfuil saincheisteanna castachta agus comhsheasmhachta dea- fhréamhaithe sa chreat dlíthiúil foriomlán agus ina chur chun feidhme praiticiúil.
    - Cuirtear i dtábhacht sa mheastóireacht go bhfuil neamhaird á déanamh go fóill ar go leor tairbhí féideartha do shláinte an duine agus don chomhshaol sna Rialacháin atá i bhfeidhm faoi láthair. D'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh chun an bhearna a laghdú idir fíorastaíochtaí feithicle (timthriallta tiomána agus dálaí úsáide, go háirithe i ndálaí tiomána uirbeacha) agus astaíochtaí cineálcheadaithe, níl tásc fós ar astaíochtaí tábhachtacha faoi thástáil

astaíochtaí Euro 6/VI. Ina theannta sin, ní rialaítear astaíochtaí i gceart tar shaolré uile feithiclí.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D'fhonn fianaise a bhailiú agus trédhearcacht iontach a áirithiú, lorg an Coimisiún aiseolas ó pháirtithe leasmhara trí ilghníomhaíochtaí comhairliúcháin. Mar fhaisnéis níos beaichte air sin, chun críche an togra seo, lorg an Coimisiún aiseolas ó na grúpaí páirtithe leasmhara seo a leanas: Ballstáit agus údaráis náisiúnta, tionscal na mótarfheithiclí (lena n- áirítear monaróirí feithicle, soláthróirí comhpháirteanna agus páirtithe leasmhara tionscail eile), an tsochaí shibhialta (lena n- áirítear eagraíochtaí tomhaltóra agus eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil) agus saoránaigh.

Cuirtear achoimre mhionsonraithe den chomhairliúchán poiblí fairsing i láthair sa tuarascáil achoimre in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Measúnú Tionchair le haghaidh an togra seo.

Bhailigh an Coimisiún aiseolas trí na gníomhaíochtaí a leanas:

- Pléadh an tionscnamh den chéad uair le páirtithe leasmhara le linn chomhdháil páirtithe leasmhara i mí Dheireadh Fómhair 2018. Ina dhiaidh sin, bunaíodh an Grúpa Comhairleach maidir le Caighdeáin Astaíochtaí Feithicle (AGVES) trí na grúpaí saineolacha ábhartha ó thionscal, sochaí shibhialta agus Ballstáit a chumasc, le deich gcruinniú agus ceardlann ad- hoc amháin maidir le simpliú ó Iúil 2019 go hAibreán 2021.
- Seoladh an Measúnú Tionchair Tosaigh an 27 Márta go dtí an 3 Meitheamh 2020. Tharla an Comhairliúchán Poiblí 18 seachtaine ar an togra an 6 Iúil 2020 agus bhí sé oscailte le haghaidh aighneachtaí go dtí an 9 Samhain 2020.
- Rinneadh dhá chomhairliúchán spriocdhírithe 14 seachtaine – ceann le haghaidh Mheastóireacht ar Euro 6/VI (4 Márta go dtí an 8 Meitheamh 2020) agus ceann le haghaidh Mheasúnú Tionchair ar Euro 7 (3 Lúnasa go dtí an 9 Samhain 2020) – ag díriú ar ghnéithe níos mionsonraithe agus níos teicniúla den tionscnamh.

Cuireadh san áireamh faisnéis, tuairimí agus sonraí trí na gníomhaíochtaí comhairliúcháin ar fad le haghaidh meastóireacht ar Euro 6/VI agus le haghaidh mheasúnú tionchair Euro 7 a ullmhú. Mar gheall ar an bhfianaise a bailíodh ó pháirtithe leasmhara, bhíothas in ann an fhianaise a bailíodh cheana féin a fhorlíonadh, a chros- seiceáil agus a dheimhniú trí thaighde eile sa Mheasúnú Tionchair agus sna staidéir thacaíochta.

Is féidir achoimre a thabhairt ar na príomhthorthaí ar na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara mar a leanas:

D'aontaigh páirtithe leasmhara ó gach grúpa go bhfuil saincheisteanna truaillithe aeir agus sláinte bainteach le hiompar ar bhóthar agus go bhfuil gá le gníomhaíocht. Cé gur mheas tromlach na bhfreagróirí ó sholáthróirí comhpháirte, Ballstáit, sochaí shibhialta agus saoránaigh go bhfuil na caighdeáin nua Euro iomchuí chun astaíochtaí feithicle a laghdú a thuilleadh, ní raibh monaróirí feithicle chomh cinnte. I roinnt gníomhaíochtaí, chuir an tionscal mótarfheithiclí i dtábhacht go mbeadh sé réadúil agus cothrom Euro 6/VI a chaomhnú.

D'aontaigh an tromlach ó na grúpaí ar fad go bhfuil Euro 6/VI casta. Léirítear sna freagraí leis an gcomhairliúchán poiblí go mbíonn costais chomhlíontachta suntasacha agus ualach riaracháin mar thoradh ar chastachtaí. Chomh maith leis sin, thug gach grúpa seachas an tionscal le fios go gcuireann castacht bac ar chosaint chomhshaoil, agus dúirt an tsochaí

shibhialta go n- eascraíonn míthuiscintí as. Thug freagróirí ó gach grúpa le fios gur gá dul i ngleic le castacht sna Rialacháin trí bhearta éagsúla.

Seachas monaróirí feithiclí, léirigh tromlach na ngrúpaí ar fad lena n- áirítear soláthróirí comhpháirte tacaíocht ar theorainneacha níos déine le haghaidh truailleáin rialáilte agus teorainneacha nua le haghaidh truailleáin neamhrialáilte a fhorbairt. Creideann soláthróirí comhpháirte, Ballstáit, an tsochaí shibhialta agus saoránaigh go bhfágann teicneolaíocht rialaithe truaillithe atá i bhfeidhm faoi láthair spás le haghaidh laghduithe astaíochtaí breise.

Creideann tromlach na bpáirtithe leasmhara, in Euro 6/VI nach ndéantar faireachán leordhóthanach ar fhíorastaíochtaí nó go bhfuil an faireachán teoranta thar shaolré iomlán feithiclí. Tugadh le fios athrú calaoiseach, aosú feithiclí, cigireachtaí teicniúla neamhleora agus costas cothabhála mar chúiseanna féideartha. Léirigh gach grúpa páirtithe leasmhara tacaíocht do chur chun feidhme faireacháin astaíochtaí leanúnaigh mar ghníomhaíocht chun fíorastaíochtaí a thomhas. Fós, dúirt tromlach monaróirí nach féidir é sin a úsáid ach le haghaidh líon teoranta truailleán go luath amach anseo.

Rinneadh anailís chúramach agus cuireadh san áireamh sa Mheasúnú Tionchair más inchreidte ar aiseolas agus difríochtaí i dtuairimí páirtithe leasmhara. Go háirithe, bhí tuairimí ó thionscal agus ó Bhallstáit cabhrach chun anailís a dhéanamh ar chastacht agus ar bhearta simplithe féideartha. Ina theannta sin, foinse thábhachtach is ea faisnéis a chuir tionscal ar fáil maidir le costais chrua- earraí le haghaidh teicneolaíochtaí rialaithe truaillithe chun measúnú a dhéanamh ar thionchair gheilleagracha. Cuireadh san áireamh aiseolas agus imní a d’ardaigh Ballstáit, tionscal, sochaí shibhialta agus saoránaigh i ndearadh agus measúnú ar na roghanna, go háirithe maidir le hacmhainneacht teicneolaíochta chun astaíochtaí a laghdú trí theorainneacha astaíochtaí, marthanacht, coinníollacha tástála agus faireachán leanúnach ar astaíochtaí, athrú luasghéaraithe féideartha chuig feithiclí leictreacha agus na tionchair ar iomaíochas, i gcás inarb amhlaidh go bhfuil tuairimí difriúla ag páirtithe leasmhara tionscail.

Bhí tuairimí páirtithe leasmhara maidir le caighdeán astaíochtaí aonair Euro a thabhairt isteach le haghaidh gluaisteán/veaineanna agus leoraithe/busanna difriúil ó thuairimí an Choimisiúin. I dtosach, níor thacaigh páirtithe leasmhara ó thionscal leis an mbeart simplithe. Ó tharla go bhféadfaí argóintí tionscail, amhail difreáil chuí chomh maith le comhchuibhiú idirnáisiúnta, a bhaint amach freisin leis na bunghníomhartha (715/2007 agus 595/2009) cumaiscthe fad is a choinnítear rialacháin cur chun feidhme shonracha ar leithligh, lean an Coimisiún leis an gcur chuige sin. Deimhníodh é sin ó na páirtithe leasmhara sna hagallaimh leantacha nasctha le comhairliúchán spriocdhírithe ar an measúnú tionchair agus i gcruinniú AGVES an 16 Samhain 2020.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tarraingítear fianaise ó roinnt foinsí sa Mheasúnú Tionchair lena n- áirítear staidéir a rinne conraitheoirí seachtracha ó chuibhreannas CLOVE, lena n- áirítear príomh- shaineolaithe ón Laboratory of Applied Thermodynamics of the Aristotle University of Thessaloniki (LAT) (GR), Ricardo (UK), EMISIA (GR), TNO (NL), TU Graz (AT), FEV (DE) agus VTT (FI).

Seoladh an chéad staidéar de chuid CLOVE chun athbhreithniú agus comparáid a dhéanamh ar an reachtaíocht agus chun ceachtanna a fhoghlaim uaithi i bpáirt eile den domhan, meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na dtástálacha astaíochtaí atá i bhfeidhm faoi láthair san Aontas agus tástálacha astaíochtaí nua a fhorbairt agus a mheasúnú le haghaidh truailleáin rialáilte agus neamhrialáilte. Mar bheart leantach, cumhdaíodh sa dara staidéar athbhreithniú críochnúil ar chost- éifeachtacht beart a tugadh isteach leis an gcéad staidéar chomh maith le measúnú indéantachta ar theorainneacha astaíochtaí truailleáin nua le haghaidh gach feithicle

agus anailís ar acmhainneacht simplithe na gcaighdeán astaíochtaí feithicle. Tacaíodh sa staidéar seo freisin le meastóireacht ar chreat Euro 6/VI, fad is a cuireadh an fhianaise is gá ar fáil don Mheasúnú Tionchair. Tá anailís agus tástálacha a rinne Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, ina áiseanna atá lonnaithe in Ispra san Iodáil mar bhonn taca faoi na staidéir sin.

Ar mhaithe leis an measúnú cainníochtúil ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil, braitheadh sa Mheasúnú Tionchair agus sa tuarascáil ar an tsamhail SIBYL agus COPERT. Úsáidtear COPERT chun gás ceaptha teasa agus fardail astaíochtaí truailleáin aeir a ríomh le haghaidh iompar ar bhóthar bunaithe ar fhíorastaíochtaí arna gcomhordú ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) agus JRC. Uirlis speisialaithe is ea SIBYL chun tionchar teicneolaíochta feithicle mionsonraithe a thuar ar fhlíteanna, fuinneamh, astaíochtaí agus costais sa todhchaí a dearadh chun tacú le ceapadh beartais. Tugadh an dá shamhail cothrom le dáta bunaithe ar shonraí agus fianaise a bailíodh tríd an gcomhairliúchán páirtithe leasmhara, na fachtóirí astaíochtaí is déanaí agus léirbhreithnithe litríochta.

Ina theannta sin, bailíodh faisnéis bhreise a chuaigh i ngleic leis na saincheisteanna a leanas:

- na teicneolaíochtaí a bhfuil fáil orthu is féidir a úsáid sa tréimhse ama ábhartha chun astaíochtaí truailleán a laghdú, chomh maith lena n- éifeachtacht agus costas;
- tionchair sláinte agus comhshaoil i dtéarmaí airgeadaíochta;
- táscairí ginearálta maicreacnamaíocha, amhail cruthú post, scileanna a éilítear, taighde agus nuálaíocht, etc.;
- iomaíochas thionscal an Aontais agus comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh;
- tionchair cháilíochtúla ar FBManna agus ar thomhaltóirí (lena n- áirítear muinín tomhaltóra).

Soláthraítear liosta de na staidéir agus na foinsí in Iarscríbhinn 1 den Mheasúnú Tionchair.

- **Measúnú tionchair**

Tá na bearta sa togra seo cothrom i ndáil lena dtairbhí sláinte agus comhshaoil agus an t- ualach don tionscal. Tacaíonn an Measúnú Tionchar a ghabhann leis le héifeachtacht agus cost- éifeachtúlacht na mbeart. Is féidir teacht ar an mbileog achomair agus ar thuairim dhearfach an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála trí X (nasc le cur isteach).

Rinneadh measúnú ar thrí rogha beartais, le meascán de bhearta agus leibhéil uaillmhéine, chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sainaitheanta sna Rialacháin Euro 6/VI atá i bhfeidhm faoi láthair ag tabhairt san áireamh an chlaochlaithe ghlais agus dhigitigh a éilítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip. Soláthraíonn an claochlú deiseanna le haghaidh réiteach níos airde i dtéarmaí laghduithe astaíochtaí truailleáin, amhail úsáid teicneolaíochta truaillithe íseal agus faireachán leanúnach astaíochtaí le hardbhraiteoirí agus nascacht feithicle. Cuireadh san áireamh freisin sna roghanna beartais an t- athrú chuig gléasra cumhachta leictrithe a éilíonn réitigh chost- éifeachtúla agus leordhóthanacha chun astaíochtaí truailleán a laghdú sa deighleog innill dócháin.

I gcomhréir leis na cuspóirí sonracha, díríodh i rogha beartais 1, 2 (2a agus 2b) agus 3a ar chastacht na gcaighdeán astaíochtaí Euro atá i bhfeidhm faoi láthair a laghdú trí bhearta simplithe a thabhairt isteach (amhail rialachán amháin a chur in ionad dhá rialachán, nó tástálacha atá imithe i léig a dhíothú). Soláthraíodh teorainneacha astaíochtaí cothrom le dáta maidir le gach truailleán aeir ábhartha i rogha beartais 1 le huaillmhian íseal, i rogha 2a agus 3a le huaillmhian mheánach agus i rogha 2b le huaillmhian ard. Feabhsaíodh rialú ar

fhíorastaíochtaí i rogha beartais 1 trí theorainneacha um thástáil fíorthiomána le huaillmhian íseal, i rogha 2a trí theorainneacha um thástáil fíorthiomána le huaillmhian mheánach agus ceanglais marthanachta, i rogha 2b trí theorainneacha um thástáil fíorthiomána le huaillmhian ard agus ceanglais mharthanachta agus i rogha 3a trí theorainneacha um thástáil fíorthiomána le huaillmhian mheánach, ceanglais mharthanachta agus faireachán leanúnach ar astaíochtaí.

Suíodh sa Mheasúnú Tionchair gurb í an rogha beartais 3a le huaillmhian mheánach an ceann is comhréirí le haghaidh feithiclí saothair éadrom agus tromshaothair. Suíodh gurb í an rogha beartais an ceann ab éifeachtaí chun na cuspóirí sainaitheanta a bhaint amach, agus ag an am céanna tá sí cost- éifeachtúil trí na tairbhí sláinte agus comhshaoil is airde a thabhairt do shaoránaigh ag costais rialála ísle don tionscal. Ina theannta sin, suíodh go raibh an rogha comhleanúnach leis an reachtaíocht um cháilíocht aeir, le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ agus le treoracha um ródacmhainneacht. Trí fhaireachán leanúnach ar astaíochtaí a thabhairt isteach, bheadh rogha 3a i gcomhréir den chuid is mó leis an gclaochlú dúbailte glas agus digiteach ar a ndíríonn an Comhaontú Glas don Eoraip.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil de rogha 3a mar a leanas:

Meastar gurb ionann costais rialála fhoriomlána agus € 304 in aghaidh na feithicle le haghaidh feithiclí saothair éadroim agus € 2 681 in aghaidh na feithicle le haghaidh feithiclí tromshaothair. Le linn na tréimhse 25 bliain a ndearnadh measúnú uirthi sa Mheasúnú Tionchair, bheadh costas rialála foriomlán € 35.48 billiún le haghaidh feithiclí saothair éadroim agus € 17.53 billiún le haghaidh feithiclí tromshaothair mar thoradh air.

Ar an taobh eile, is ionann tairbhí sláinte agus comhshaoil airgeadaíochta suas go dtí € 55.75 billiún agus € 133.58 billiún trí laghdú ar astaíochtaí díobhálacha truailleán aeir. Baintear amach na tairbhí sin den chuid is mó trí astaíochtaí $NO_x$ agus $PM_{2.5}$ a laghdú. Ina theannta sin, léiríodh sa rogha sin na tionchair dhearfacha is airde le haghaidh gach feithicle i dtéarmaí rochtain ar phríomh- mhargaí agus nuálaíocht idirnáisiúnta.

Rinneadh measúnú i rogha 3a ar na costais choigeartaithe (a chumhdaíonn costais comhlíontachta shubstainteacha de bharr costais trealaimh le haghaidh teicneolaíochtaí rialaithe astaíochtaí agus na costais T&F agus calabrúcháin lena n- áirítear costais saoráidí agus uirlisithe lena mbaineann) le bheith thart ar € 67 mbilliún idir 2025 agus 2050 le haghaidh feithiclí saothair éadroim agus € 26 bhilliún le haghaidh feithiclí tromshaothair.

Mar aon leis na tairbhí sin, meastar coigilteas costais rialála (a chumhdaíonn coigilteas costais le linn tástála, fianú tástálacha ag údaráis cineálcheadaithe agus táillí cineálcheadaithe chomh maith le coigilteas costais riaracháin le haghaidh tuairisciú agus oibleagáid faisnéise eile mar chuid de nósanna imeachta cineálcheadaithe) ag € 4.67 billiún le haghaidh feithiclí saothair éadroim agus ag € 0.58 billiún le haghaidh feithiclí tromshaothair sa rogha thosaíochta.

Ar an iomlán, bheadh tionchar rogha 3a ar inacmhainneacht tomhaltóirí teoranta. Cé go bhfuil coinne leis go gcuirfear ar aghaidh chuig tomhaltóirí na costais rialála fhoriomlána i gcomparáid leis an mbonnlíne, bheadh méadú 0.8 % ar phraghas feithiclí beaga peitril agus méadú 2.2 % ar phraghas feithiclí beaga díosail le haghaidh gluaisteán agus veaineanna mar thoradh air.

Cuireadh ceanglais marthanachta ceallra leis tar éis gur glacadh le Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 22 ó na Náisiúin Aontaithe an 14 Aibreán 2022 maidir le Marthanacht Ceallra Infheithicle le haghaidh Feithiclí Leictreacha, lena leagtar amach ceanglais

feidhmíochta le haghaidh feithiclí leictreacha ar leibhéal nach mbeidh athrú teicneolaíochtaí ceallra de dhíth orthu. Tá coinne leis nach gcruthóidh na ceanglais sin costais bhreise ach go n- ardóidh siad feasacht agus muinín tomhaltóirí.

I bhfianaise na gcúinsí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, rinneadh athbhreithniú críochnaitheach chun breithnithe cothrom le dáta a áirithiú don tionscal mótarfheithiclí agus do thomhaltóirí. Tá luasghéarú mór tagtha ar an ardú i gcostais a thosaigh in 2021, go háirithe maidir le fuinneamh agus amhábhair. An tráth céanna, tháinig titim ar éileamh agus ar dhíolacháin mótarfheithiclí fad is go bhfuil méadú ag teacht ar riachtanais infheistíochta le haghaidh an chlaochlaithe ghlais. Cuireann sé sin brú ar an slabhra soláthair mótarfheithiclí agus ardaíonn sé saincheisteanna inacmhainneachta le haghaidh tomhaltóirí, i gcomhthéacs foriomlán an ráta ard boilscithe. D'fhonn aistriú glas rathúil an éiceachórais mótarfheithiclí a éascú, athchoigeartaíodh an rogha 3a thuasluaite le haghaidh feithiclí saothair éadroim chun costais choigeartaithe a laghdú, fad is a choinnítear an uaillmhian chomhshaoil agus dhigiteach mheánach fhoriomlán.

Le haghaidh gluaisteán agus veaineanna, socraítear na teorainneacha astaíochtaí sceite ag an leibhéal is ísle a fhorchuirtear faoi láthair faoi Euro 6 le haghaidh gluaisteán, agus teorainneacha níos ísle á bhforchur dá bhrí sin le haghaidh veaineanna ná mar atá faoi Euro 6, agus leagtar amach ceanglais marthanachta chomh maith le teorainneacha tástála fíorthiomána i rogha 3a. Tá na ceanglais le haghaidh astaíochtaí galaithe, marthanacht ceallra agus astaíochtaí neamhsceite mar a leagtar amach i rogha 3a. Is rogha idirmheánach í i dtéarmaí teorainneacha astaíochtaí sceithphíopa idir rogha 1 agus 2a/3a. Rinneadh an rogha sin d'fhonn an gá chun feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú a chothromú leis an ngá chun infheistíochtaí díréireacha a sheachaint le haghaidh feithiclí nach ndíolfar a thuilleadh tar éis 2035. Thar thairseach áirithe, tagann méadú suntasach ar chostais níos tapúla ná na tairbhí comhshaoil. Feabhsaítear sa rogha a roghnaíodh inacmhainneacht gluaisteán agus veaineanna le haghaidh tomhaltóirí, agus íoslaghdaítear léi costais infheistíochta a éilítear chun réitigh chrua- earraí nua a fhorbairt le haghaidh córais rialaithe astaíochtaí le haghaidh gluaisteáin agus veaineanna le hinneall dócháin inmheánaigh.

Socraítear leis na bearta roghnaithe teorainneacha teicneolaíochta agus breosla- neodracha le haghaidh gluaisteán agus veaineanna, fad is a cheadaítear do theorainneacha beagán níos airde le haghaidh veaineanna gannchumhachtaithe, i gcás ina bhfuil údar le lamháltas den sórt sin bunaithe ar chúiseanna teicniúla. Ceadaítear sna teorainneacha tástála mar is amhlaidh i rogha 3a, dá bhrí sin, gnóthachain a dhéanamh trí uasteorainn a chur le hastaíochtaí neamhrialaithe faoi láthair. Leanann modheolaíochtaí agus teorainneacha le haghaidh astaíochtaí galaithe, coscán, bonn, chomh maith le marthanacht ceallra agus úsáid uirlisí faireacháin astaíochtaí le braiteoirí na cinn a cuireadh i láthair i rogha 3a den Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair. Is ionann na bearta sin agus sciar thábhachtach mhéadaitheach den acmhainneacht laghdaithe astaíochtaí agus de thairbhí comhshaoil agus sláinte, go háirithe i dtimpeallachtaí uirbeacha ina bhfuil nochtadh ar na truailleáin sin níos suntasaí. Beidh astaíochtaí ó choscáin agus ó bhoinn ionann le tromlach na n- astaíochtaí cáithníní go gairid.

Le haghaidh leoraithe agus busanna, coimeádtar rogha 3a. Léiríonn sé seo aistriú i bhfad níos moille leoraithe agus busanna chuig teicneolaíochtaí astaíochtaí sceite nialasacha. Tá coinne leis go bhfanfaidh leoraithe agus busanna le hinnill dócháin inmheánaigh i bhfad níos faide ar mhargadh an Aontais.

Le haghaidh gach mótarfheithicle, coinnítear gach beart simplithe mar atá i rogha 3a mar go léiríonn siad an gá leis an rialachán a nuachóiriú agus an t- ualach riaracháin a laghdú.

Cinntítear leis an rogha sin freisin feabhsúchán ar astaíochtaí iomlána, go háirithe le linn tosú fuar agus i dtiomáint uirbeach, ó tharla gur gá go gcomhlíonfadh feithiclí freisin na teorainneacha astaíochtaí le linn turais ghearra.

I dtéarmaí tairbhí comhshaoil, tugtar laghdú suntasach ar astaíochtaí sa rogha roghnaithe, beagán níos ísle ná rogha 3a le haghaidh gluaisteán agus veaineanna, ó tharla go ngabhann feabhsúcháin i ndálaí tástála agus beartais comhlíontachta gan choinne i rogha 1 leis na teorainneacha astaíochtaí níos airde. Measadh laghdú $NO_x$ ó ghluaisteáin/veaineanna níos mó ná 85 % i gcomparáid le leibhéil 2018 agus níos mó ná 80 % ó leoraithe/bhusanna leis na bearta roghnaithe faoi 2035. Meastar go mbeidh NOx iomlán ó mhótarfheithiclí gearrtha ina leath faoi 2035 i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Tá coinne leis go mbeidh coigilteas costais rialála mar an gcéanna le rogha 3a. Laghdaítear costais forbartha an táirge go suntasach ó tharla nach mbeidh gá le hathdhearadh feithiclí sa rogha nua, ach is féidir comhlíontacht a bhaint amach leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear faoi láthair le haghaidh rialuithe agus athchalabrú astaíochtaí. Tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú suntasach ar na costais rialála agus go mbeidh siad idir na costais i rogha 1 agus rogha 3a. San iomlán, tá coinne leis go dtabharfaidh na bearta roghnaithe isteach glantairbhe cosúil nó níos airde ná le haghaidh rogha 3a, ag déanamh coigilteas suntasach astaíochtaí le costais choigeartaithe teoranta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin i leith Rialáil Níos Fearr, ullmhaíodh an togra go hioncuimsitheach, bunaithe ar thrédhearcacht agus ar phlé leanúnach le geallsealbhóirí.

FBManna (tagairt IA): Suíodh sa Mheasúnú Tionchair go bhfuil tionscal mótarfheithiclí na hEorpa comhdhéanta den chuid is mó de mhonaróirí móra atá gníomhach i gcóimeáil feithiclí agus i dtáirgeadh comhpháirteanna. Monaraíonn roinnt FBManna feithiclí nó córais óna n- éilítear cineálcheadú astaíochtaí an Aontais. Sainaithníodh 35 FBM a mhonaraíonn feithiclí speisialaithe ar bhonn gléasraí cumhachtaí arna dtáirgeadh ag monaróirí níos mó. Moltar rialacha simplithe le haghaidh monaróirí ísealtáirgeachta, chun na sonraíochtaí nasctha le táirgeadh teoranta a chur san áireamh.

Coigilteas costais: Lena chois sin, rinneadh anailís sa mheasúnú tionchair ar an gcaoi a bhféadfaí an reachtaíocht a shimpliú agus comhlíontacht agus costais riaracháin neamhriachtanacha a laghdú. Cé go n- ardaítear sa togra costais rialála le haghaidh monaróirí feithicle i bhfoirm costais chrua- earraí le haghaidh teicneolaíochtaí agus braiteoirí rialaithe truaillithe; agus costais T&F agus calabrúcháin lena mbaineann, tagann coigilteas costais comhlíontachta le linn tástála, fianú tástálacha ag údaráis cineálcheadaithe, táillí cineálcheadaithe chomh maith le coigilteas costais riaracháin as na tograí freisin. Go háirithe, thiocfadh laghdú ar an ualach riaracháin trí bhearta simplithe a thabhairt isteach agus trí na ceanglais nua le haghaidh faireachán leanúnach astaíochtaí. Tá coinne leis go simpleoidh na cinn deiridh an tuairisciú agus oibleagáidí soláthair faisnéise eile a thuilleadh chun cineálcheadú a dheonú agus le haghaidh nósanna imeachta fíorúcháin trí líon laghdaithe cineálcheaduithe. I rogha 3a, meastar coigilteas costais riaracháin ag € 224 mhíle in aghaidh an chineálcheadaithe (€ 22 in aghaidh na feithicle) le haghaidh gluaisteán/veaineanna díosail agus ag € 204 mhíle in aghaidh an chineálcheadaithe (€ 26 in aghaidh na feithicle) le haghaidh gluaisteán/veaineanna peitril. Le haghaidh leoraithe/busanna, is ionann an coigilteas costais i rogha 3a agus suas le € 66 mhíle in aghaidh an chineálcheadaithe díosail (€ 22 in aghaidh na feithicle) agus € 67 míle in aghaidh an chineálcheadaithe peitril (€ 47 in aghaidh na feithicle). Sna roghanna deiridh roghnaithe, tá coinne leis go mbeidh gach costas le haghaidh gluaisteán/veaineanna níos ísle.

Iomaíochas: D'ainneoin costais rialála le haghaidh infheistíochtaí tionscail agus carnacha le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$, meastar go bhfuil tionchar dearfach ag an togra ar iomaíochas. Is ionann sin de bharr deiseanna margaidh nua ag eascairt as forbairt braiteoirí nua mar aon le roghanna prótacail chumarsáide, cibearshlándála agus frithchrioscaíola. Sócmhainn a bheidh in úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na dteicneolaíochtaí glana, chun rochtain a fháil ar phríomh- mhargaí idirnáisiúnta, go háirithe na Stáit Aontaithe agus an tSín.

Gnóthaí digiteacha: Mar gheall go bhfuil aidhm ard leis sa tionscnamh Deacáid Dhigiteach[37], ba cheart go ndéanfadh gach earnáil claochlú digiteach a rannchuideoidh go mór leis an gclaochlú glas, lena n- áirítear le haghaidh iompar ar bhóthar, chun uaillmhian truaillithe nialasaigh a shroicheadh le haghaidh comhshaol saor ó thocsainí. Tá comhleanúnachas breise sa togra leis an aistriú dúbailte mar go dtacaíonn sé le laghdú astaíochtaí thar shaolré feithiclí trí fhaireachán leanúnach astaíochtaí agus nascacht feithiclí a thabhairt isteach. Ba cheart freisin go seachadfadh Údaráis Cineálcheadaithe Náisiúnta seirbhísí go digiteach (lena n- áirítear faisnéis inléite ag meaisín). Rannchuidíonn sé sin le sochaí agus geilleagar digiteach éifeachtach a bhaint amach (Digiteach trí réamhshocrú).

Tá an tionscnamh comhsheasmhach le prionsabal na neamhdhíobhála suntasaí, toisc go rannchuidíonn sé le cuspóirí aistriú glas an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip (go háirithe soghluaisteacht inbhuanaithe agus uaillmhian maidir le truailliú nialasach). Áirithítear leis go mbeidh i bhfad níos lú truaillithe i gceist le hiompar, go háirithe i gcathracha agus meastar go bhfuil sé ina chuid fhíor- riachtanach den aistriú i dtreo soghluaisteacht ghlan. Bunaíodh sa Mheasúnú Tionchair nach bhfuil coinne leis go ndéanfaidh na roghanna díobháil shuntasach d'aon cheann de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) comhshaoil[38].

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach agus an chomhionannais. Níl aon tionchar difreálach aige de bharr inscne.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon acmhainn airgeadais bhreise de dhíth ar an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar socruithe sa togra seo chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht chaighdeáin astaíochtaí Euro 7 in aghaidh cuspóirí oibriúcháin agus chun cúisíocht a bhunú idir na torthaí breathnaithe agus an reachtaíocht. Chun na críche sin, moltar roinnt táscairí faireacháin le haghaidh an athbhreithnithe ar chaighdeáin astaíochtaí Euro 7. Áirítear leis na táscairí faireacháin sin:

- an líon cineálcheaduithe astaíochtaí faoi Euro 7 in aghaidh an chineáil feithicle;
- costais le linn na céime cur chun feidhme agus costais riaracháin in aghaidh an chineálcheadaithe astaíochtaí;

[37] COM(2021) 118 final

[38] Go háirithe Chun na gcríoch seo a leanas: Sprioc 3: Dea- shláinte agus folláine, Sprioc 6: Uisce glan agus sláintíocht, Sprioc 13: Gníomhaíocht ar son na haeráide, Sprioc 14: Saol faoi bhun an uisce agus Sprioc 15: An bheatha ar talamh.

- cruthúnas ar rialú feabhsaithe astaíochtaí faoi na dálaí úsáide uile maidir leis na truailleáin rialáilte uile;
- costais forfheidhmiúcháin, lena n- áirítear costais as sáruithe agus pionóis i gcás neamhchomhlíonta agus costais faireacháin;
- éabhlóidiú astaíochtaí thar shaolré feithiclí mar a chruthaítear le feachtais tástála iomchuí agus faireachán leanúnach ar astaíochtaí.

Leis an athbhreithniú ar chaighdeáin astaíochtaí Euro 7, déanfar meastóireacht ar thacar táscairí atá níos ginearálta ná beartais eile an Aontais maidir le truailleáin aeir i gcás iompar ar bhóthar:

- leibhéil bhliantúla na tiúchana truailleán i limistéir uirbeacha na hEorpa agus sciar bhliantúil an iompair ar bhóthar d'astaíochtaí truailleán mar a thuairiscigh na Ballstáit do EEA faoin Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (NECD)[39] agus a áirítear i dtuarascáil bhliantúil EEA maidir le cáilíocht aeir san Eoraip;
- líon bliantúil na bhfeithiclí cláraithe agus sciar de theicneolaíochtaí gléasra cumhachta ar bhóithre an Aontais mar a thuairiscíonn na Ballstáit don Fhaireachlann Eorpach um Breoslaí Malartacha;
- forbairtí bliantúla i ndáil le tionchair an truaillithe aeir ar an tsláinte (i.e. básanna anabaí a bhaineann le nochtadh do thruailleáin áirithe) mar a áirítear i dtuarascáil bhliantúil EEA maidir le cáilíocht aeir san Eoraip.
- sciar bhliantúil an iompair ar bhóthar d'astaíochtaí truailleán de thruailleáin áirithe mar a thuairiscigh na Ballstáit do EEA faoin Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (NECD);
- líon bliantúil fógraí arna bhfáil ag Ballstáit maidir le bacainní ar thrádáil carranna, veaineanna, leoraithe/busanna laistigh den Aontas mar gheall ar shainorduithe teicniúla arna bhforfheidhmiú ag údaráis náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla (i.e. toirmisc d'aon chineál) faoin nós imeachta um fógra a thabhairt de Threoir 2015/1535[40].

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar forálacha ginearálta amach i gCaibidil I, lena n- áirítear ábhar (Airteagal 1), raon feidhme an Rialacháin (Airteagal 2) agus na sainmhínithe ar phríomhthéarmaí a úsáidtear sa Rialachán (Airteagal 3).

I gCaibidil II tá forálacha maidir le hoibleagáidí monaróirí le haghaidh chineál- cheadú mótarfheithiclí, córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh, i ndáil lena n- astaíochtaí truailleán agus marthanacht ceallraí. Go sonrach, áirítear inti oibleagáid na monaróirí maidir le tógáil agus dearadh feithiclí den sórt sin, lena n- áirítear bearta cibearshlándála (Airteagal 4) agus roghanna do mhonaróirí chun feidhmíocht níos fearr le teorainneacha astaíochtaí níos ísle agus/nó marthanacht ceallraí fheabhsaithe a dhearbhú chomh maith le teicneolaíochtaí geofhálúcháin chun an mód saor ó astaíochtaí sceite a chumasú (Airteagal 5). Ceanglaítear ar mhonaróirí ceanglais shonracha um marthanacht a

39 Treoir (AE) 2016/2284

40 Treoir (AE) 2015/1535 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na gcaighdeán teicniúil agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise; féach freisin 2015/1535 nós imeachta um fhógra a thabhairt

chomhlíonadh go ceann shaolré na bhfeithiclí agus feidhmíocht íosta marthanachta bataire tarraingthe, chun na teorainneacha astaíochtaí agus ceanglais theicniúla ghaolmhara eile a chomhlíonadh (Airteagal 6). Chun a léiriú go gcomhlíontar na ceanglais sin, ba cheart tástálacha sonracha a dhéanamh, chomh maith le dearbhuithe agus nósanna imeachta riaracháin sonracha (Airteagal 7). Soláthraítear in Airteagal 8 agus Airteagal 9 rialacha sonracha maidir le monaróirí ísealtáirgeachta (Airteagal 8) agus feithiclí ilchéimneacha (Airteagal 9) maidir le tástálacha agus freagrachtaí.

Déantar foráil i gCaibidil III maidir le hOibleagáidí Ballstát i ndáil le Cineálcheadú agus faireachas margaidh, go háirithe i dtaca le ról údarás cineálcheadaithe náisiúnta agus dátaí theacht i bhfeidhm (Airteagal 10) agus áirítear inti forálacha sonracha le haghaidh comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh (Airteagal 11) chomh maith le córais rialuithe imoibrithe inchaite agus truaillithe (Airteagal 12).

Áirítear i gCaibidil IV forálacha maidir le Ról an Choimisiúin agus tríú páirtithe maidir le seiceálacha ar chomhréireacht seirbhíse agus faireachas margaidh (Airteagal 13).

Leagtar síos i gCaibidil V na tástálacha agus modheolaíochtaí sonracha atá le cur i bhfeidhm ag monaróirí agus údaráis le haghaidh gach catagóire feithicle lena mbaineann chun comhlíontacht i leith ceanglas agus oibleagáidí faoin Rialachán seo a chruthú (Airteagal 14). Áirítear inti freisin forálacha sonracha maidir le hoiriúnú do dhul chun cinn teicniúil (Airteagal 15).

Déantar foráil i gCaibidil VI maidir le forálacha ginearálta a bhaineann le cumhacht a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh (Airteagal 16), nós imeachta coiste (Airteagal 17) agus ceanglais tuairiscithe le haghaidh Ballstát (Airteagal 18).

Déantar foráil i gCaibidil VII le haghaidh forálacha deiridh maidir le haisghairm Rialachán (CE) 715/2007 agus Rialachán (CE) 595/2009 (Airteagal 19) agus teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo (Airteagal 20).

2022/0365 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[41],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[42],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is limistéar é an margadh inmheánach ina gcaitear saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a áirithiú. Chuige sin, tugadh isteach le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43] córas cuimsitheach um chineálcheadú agus faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí, leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin.

(2) Ba cheart do na ceanglais theicniúla le haghaidh chineálcheadú mótarfheithicil, inneall agus páirteanna athsholáthair maidir le hastaíochtaí (‘cineálcheadú astaíochtaí’) a bheith comhchuibhithe chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, chomh maith le hardleibhéal cosanta comhshaoil agus sláinte atá coiteann sna Ballstáit uile.

(3) Is gníomh rialála ar leithligh é an Rialachán seo chun críoch nós imeachta cineálcheadaithe an Aontais a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858. Leagtar síos ann forálacha agus ceanglais maidir le

---

41 IO C , , lch. .

42 IO C , , lch. .

43 Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

hastaíochtaí feithiclí agus marthanacht ceallraí, agus leagfar síos na gnéithe teicniúla i ngníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin agus le cúnamh ó choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 (nós imeachta coisteolaíochta).

(4) Maidir leis na ceanglais theicniúla le haghaidh chineálcheadú mótarfheithiclí, inneall agus páirteanna athsholáthair maidir le hastaíochtaí ('cineálcheadú astaíochtaí'), leagtar amach iad in dhá Rialachán a bhfuil feidhm acu maidir le cineálcheadú astaíochtaí i gcás feithiclí saothair éadroim agus feithiclí tromshaothair faoi seach, i.e. Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Euro 6') [44] agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Euro VI') [45]. Is é an fáth gurb ann do dhá Rialacháin ná gur seiceáladh astaíochtaí feithiclí tromshaothair bunaithe ar thástáil inneall, fad a bhí tástáil feithiclí saothair éadroim bunaithe ar an bhfeithicil iomlán. Ó shin i leith, forbraíodh modheolaíochtaí lena gceadaítear tástáil feithiclí saothair éadroim agus feithiclí tromshaothair ar an mbóthar. Ní gá, dá bhrí sin, cineálcheadú a bhunú ar thástáil inneall a thuilleadh.

(5) Maidir leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 a chuimsiú i Rialachán aonair amháin, ba cheart comhleanúnachas inmheánach an chórais de chineálcheaduithe astaíochtaí i gcás feithiclí saothair éadroim agus feithiclí tromshaothair a áirithiú, fad a cheadaítear teorainneacha astaíochtaí éagsúla i gcás feithiclí den sórt sin.

(6) Thairis sin, glacadh na teorainneacha astaíochtaí reatha le haghaidh feithiclí saothair éadroim in 2007 agus le haghaidh feithiclí tromshaothair thiar in 2009. Glacadh na teorainneacha astaíochtaí sa dá chás ar bhonn na teicneolaíochta a bhí ar fáil an tráth sin. Ó shin i leith, tá forbairt tagtha ar an teicneolaíocht agus tá an leibhéal astaíochtaí a fhaightear le meascán de theicneolaíochtaí reatha i bhfad níos ísle ná an leibhéal a fuarthas breis agus 15 bliana ó shin. Ba cheart an dul chun cinn teicneolaíochta a léiriú ar theorainneacha astaíochtaí bunaithe ar theicneolaíocht úrscothach reatha agus eolas maidir le rialuithe truaillithe i gcás na dtruailleán ábhartha uile.

(7) Is gá freisin an chastacht a laghdú, chomh maith leis na costais riaracháin agus cur chun feidhme do na monaróirí agus na húdaráis a laghdú agus chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil chaighdeáin astaíochtaí Euro a áirithiú. Baintear simpliú amach nuair a bhaintear dátaí iarratais éagsúla le haghaidh na dteorainneacha agus na dtástálacha, rud a bhí amhlaidh faoi Euro 6 agus Euro VI, nuair a bhaintear tástálacha astaíochtaí iomadúla casta i gcás nach mbíonn gá le tástálacha den sórt sin, nuair a dhéantar tagairt do chaighdeáin faoi Rialacháin de chuid na Náisiún Aontaithe atá ann cheana i gcás inarb infheidhme, agus nuair a áirithítear tacar comhchuibhithe comhsheasmhach nósanna imeachta agus tástálacha le haghaidh chéimeanna éagsúla an chineálcheadaithe astaíochtaí.

---

[44] Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO L 171, 29.6.2007, lch. 1).

[45] Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál- cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí saothair throm (Euro VI) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi fheithiclí a dheisiú agus a chothabháil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/CE agus lena n- aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE (IO L 188, 18.7.2009, lch. 1).

(8) Chun a áirithiú go mbíonn teorainn le hastaíochtaí i gcás feithiclí saothair éadroim agus feithiclí tromshaothair go réadúil, is gá feithiclí a thástáil i bhfíordhálaí úsáide le tacar íosta srianta, teorainneacha agus riachtanais tiomána eile, gan ach iad a thástáil sa tsaotharlann amháin.

(9) Maidir le cruinneas an trealaimh iniompartha um thomhas astaíochtaí a úsáidtear chun astaíochtaí feithiclí a úsáidtear ar an mbóthar a thomhas, tá feabhas suntasach tagtha ar an gcruinneas sin ó tugadh isteach an trealamh sin ar dtús. Tá sé iomchuí, dá bhrí sin, na teorainneacha astaíochtaí a bhunú ar thomhais den sórt sin ar an mbóthar agus, dá bhrí sin, ní éilítear le tástáil ar an mbóthar úsáid fachtóirí comhréireachta a thuilleadh.

(10) Éilítear le Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 go n- urramaíonn feithiclí na teorainneacha astaíochtaí go ceann tréimhse shonraithe, rud nach dtagann le meán- saolré feithiclí a thuilleadh. Tá sé iomchuí, dá bhrí sin, ceanglais mharthanachta a léiríonn meán- saolré ionchasach feithiclí san Aontas a leagan síos.

(11) Tá fáil anois ar theicneolaíochtaí a úsáidtear go forleathan ar fud an domhain lena gcuirtear teorainn le hastaíochtaí galaithe de chomhdhúile soghalaithe orgánacha nuair a úsáidtear, nuair a pháirceáiltear agus nuair a athbhreoslaítear feithicil le breosla peitril. Tá sé iomchuí, dá bhrí sin, na teorainneacha astaíochtaí le haghaidh comhdhúile soghalaithe orgánacha den sórt sin ar leibhéal níos ísle agus teorainneacha astaíochtaí a thabhairt isteach don chéim athbhreoslúcháin.

(12) Is é cáithníní a astaíonn boinn agus coscáin feithiclí atá in astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad. Meastar gurb iad astaíochtaí ó bhoinn an fhoinse is mó micreaphlaisteach sa chomhshaol. Mar a thaispeántar sa Mheasúnú Tionchair, meastar gur astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad 90 % de na cáithníní uile arna n- astú le hiompar ar bhóthar faoi 2050 toisc go dtiocfaidh laghdú ar cháithníní sceite de bharr leictriú feithiclí. Ba cheart na hastaíochtaí sin nach astaíochtaí sceite iad a thomhas agus a theorannú dá bhrí sin. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le scríobadh bonn a ullmhú faoi dheireadh 2024 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna tomhais agus staid na teicneolaíochta chun teorainneacha um scríobadh bonn a mholadh.

(13) Rialaítear le Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] giartháscairí, arb é is príomhchuspóir dóibh ídiú breosla feithicle a íoslaghdú nuair a leanann tiománaí a tháscairí. Ba cheart, áfach, aghaidh a thabhairt sa Rialachán seo ar na ceanglais maidir le hastaíochtaí truailleán san fhíor- úsáid, lena n- áirítear i gcás ina leantar an giartháscaire.

(14) Cuireann feithiclí ina bhfuil bataiirí tarraingthe, lena n- áirítear feithiclí hibrideacha inluchtaithe agus feithiclí ceallra- leictreacha, le dícharbónú na hearnála iompar ar bhóthar. Chun muinín na dtomhaltóirí maidir le feithiclí den sórt sin a fháil agus a

[46] Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

mhéadú, ba cheart dóibh feidhmiú go maith agus a bheith marthanach. Tá sé tábhachtach go n- éileofaí, dá bhrí sin, go gcoinneodh batairí tarraingthe cuid mhaith dá dtoilleadh bunaidh tar éis blianta fada úsáide. Tá sé seo tábhachtach do cheannaitheoirí feithiclí leictreacha athláimhe chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an fheithicil ar bhealach a bhfuil coinne leis. Ba cheart, dá bhrí sin, gléasanna faireacháin maidir le riocht na gceallraí a éileamh i gcás na bhfeithiclí uile a úsáideann batairí tarraingthe. Ina theannta sin, ba cheart íoscheanglais feidhmíochta le haghaidh mharthanacht ceallraí carranna paisinéirí a thabhairt isteach, agus Rialachán Teicniúil Domhanda 22 na Náisiún Aontaithe[47] á chur san áireamh.

(15) Is fadhb aitheanta í crioscaíl feithiclí chun páirteanna na gcóras rialaithe truaillithe a bhaint nó a dhíghníomhachtú. Leanann astaíochtaí neamhrialáilte cleachtais den sórt sin agus ba cheart iad a chosc. Nuair a dhéantar crioscaíl i ndáil leis an odaiméadar, faightear míleáiste bréagach agus cuirtear isteach ar rialú cuí inseirbhíse feithicle. Tá sé fíorthábhachtach, dá bhrí sin, an chosaint slándála is airde is féidir maidir leis na córais sin a ráthú, lena n- áirítear deimhnithe slándála agus cosaint fhrithchrioscaíola iomchuí chun a áirithiú nach féidir crioscaíl a dhéanamh i ndáil leis an gcóras rialaithe truaillithe ná le hodaiméadar na feithicle.

(16) Úsáidtear braiteoirí a fheistítear ar fheithiclí sa lá atá inniu ann chun aimhrialtachtaí ar astaíochtaí a bhrath agus deisiúcháin lena mbaineann a spreagadh leis an gcóras diagnóisice ar bord. Maidir leis an gcóras diagnóisice ar bord atá in úsáid faoi láthair, áfach, ní bhraitheann sé go cruinn ná go pras na mífheidhmeanna agus ní spreagtar leis deisiúcháin go leordhóthanach ná go pras. Mar thoradh air sin, d’fhéadfaí go mbíonn feithiclí ag astú níos mó ná a cheadaítear dóibh. Is féidir na braiteoirí a úsáidtear go dtí seo le haghaidh diagnóisic ar bord a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar iompraíocht astaíochtaí na bhfeithiclí agus í a rialú ar bhonn leanúnach trí chóras faireacháin ar bord. Tabharfaidh an córas faireacháin ar bord rabhadh don úsáideoir freisin deisiúcháin a dhéanamh ar an inneall nó ar na córais rialaithe truaillithe de réir mar is gá. Tá sé iomchuí, dá bhrí sin, go n- éilítear go bhfeistítear córas den sórt sin agus go rialaítear a gceanglais theicniúla.

(17) Féadfaidh monaróirí an rogha a dhéanamh feithiclí a chomhlíonann teorainneacha astaíochtaí níos ísle nó feithiclí ag a bhfuil marthanacht níos fearr ceallraí ná mar a éilítear leis an Rialachán seo a tháirgeadh, nó feithiclí ag a bhfuil ardroghanna lena n- áirítear geofhálú agus rialuithe oiriúnaitheacha. Ba cheart do thomhaltóirí agus d’údaráis náisiúnta a bheith in ann feithiclí den sórt sin a shainaithint le doiciméadacht iomchuí. Ba cheart, dá bhrí sin, pas feithicle comhshaoil a chur ar fáil.

(18) I gcás ina gcuireann an Coimisiún togra chun cinn maidir le feithiclí saothair éadroim nua a ritheann go heisiach ar bhreoslaí atá neodrach ó thaobh CO2 de lasmuigh de raon feidhme na gcaighdeán maidir le flít CO2 a chlárú tar éis 2035, agus i gcomhréir le dlí an Aontais agus cuspóir an Aontais um aeráidneodracht, beidh gá le leasú an Rialacháin seo chun féidearthacht chineálcheadú feithiclí den sórt sin a áireamh.

(19) Is cuid neamhshuntasach d’astaíochtaí an Aontais na hastaíochtaí ó fheithiclí a dhíolann monaróirí ísealtáirgeachta. Féadfar roinnt solúbthachta a cheadú dá bhrí sin i roinnt de na ceanglais ar mhonaróirí den sórt sin. Ba cheart go mbeadh monaróirí ísealtáirgeachta in ann tástálacha eile a úsáid dá bhrí sin in ionad tástálacha áirithe le linn cineálcheadú le dearbhuithe comhlíontachta, agus ba cheart cead a bheith ag

[47] Rialachán Teicniúil Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Marthanacht Ceallraí Infheithicle le haghaidh Feithiclí Leictrithe, UN GTR 22

monaróirí ultrai- ísealtáirgeachta tástálacha saotharlainne a úsáid bunaithe ar thimthriallta randamacha fíorthiomána.

(20) Rialaítear le Rialacháin (AE) 2019/631[48] agus (AE) 2019/1242[49] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an mheánfheidhmíocht astaíochtaí $CO_2$ flít i gcás mótarfheithicil nua san Aontas. Ba cheart na nósanna imeachta agus modheolaíochtaí le haghaidh chinneadh cruinn astaíochtaí $CO_2$, ídithe breosla agus fuinnimh, raoin leictrigh agus cumhachta le haghaidh feithiclí aonair a thabhairt isteach i gcineálcheadú astaíochtaí.

(21) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart o dtabharfaí cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le hoibleagáidí monaróirí mar chuid de chineálcheadú agus nósanna imeachta, tástáil agus modheolaíochtaí atá le cur i bhfeidhm le haghaidh dearbhú comhréireachta, seiceáil ar chomhréireacht táirgeachta, seiceáil chomhréireachta inseirbhíse agus pas feithicle comhshaoil; roghanna agus ainmniú feithiclí; ceanglais, tástálacha, modhanna agus bearta ceartaitheacha a bhaineann le marthanacht feithiclí, córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh, chomh maith le cumais chlárúcháin agus chumarsáide córas faireacháin ar bord, lena n- áirítear chun críoch cigireachtaí teicniúla tráthrialta agus seiceálacha maidir le ródacmhainneacht; ceanglais agus faisnéis atá le soláthar ag monaróirí feithiclí ilchéimneacha chomh maith le nósanna imeachta chun an luach $CO_2$ a chinneadh do na feithiclí ilchéimneacha sin; gnéithe teicniúla, ceanglais riaracháin agus doiciméadachta le haghaidh cineálcheadú astaíochtaí, seiceálacha agus cigireachtaí agus seiceálacha ar fhaireachas margaidh, chomh maith le hoibleagáidí tuairiscithe, seiceálacha ar chomhréireacht inseirbhíse agus ar chomhréireacht táirgeachta; modhanna agus tástálacha chun (i) astaíochtaí sceite a thomhas sa tsaotharlann agus ar an mbóthar, lena n- áirítear timthriallta tástála astaíochtaí fíorthiomána randamacha agus timthriallta tástála astaíochtaí fíorthiomána sa chás is measa, úsáid córas tomhais iniompartha astaíochtaí chun astaíochtaí fíorthiomána agus astaíochta réchasta a fhíorú, (ii) astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh, raon leictreach agus cumhacht innill mótarfheithicle a chinneadh, (iii) sonraíochtaí a sholáthar don ghiartháscaire, (iv) tionchar leantóirí $O_3$, $O_4$ ar $CO_2$, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh, raon leictreach agus cumhacht innill mótarfheithicle a chinneadh, (iv) astaíochtaí ó chás an chromáin, astaíochtaí galaithe, astaíochtaí ó na coscáin a thomhas, (v) meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh íoscheanglais feidhmíochta na marthanachta ceallra, (vi) measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht inseirbhíse inneall agus feithiclí; tairseacha comhlíontachta agus ceanglais feidhmíochta, chomh maith le (vii) tástáil agus modhanna chun feidhmíocht braiteoirí a áirithiú (córas diagnóisice ar bord agus córas faireacháin ar bord); (viii) modhanna chun bearta slándála a áirithiú agus measúnú a dhéanamh orthu; sonraíocht agus saintréithe córas rabhaidh don tiománaí agus modhanna spreagtha agus chun measúnú a dhéanamh ar a n- oibriú ceart; (ix) modhanna chun measúnú a dhéanamh ar oibriú ceart, éifeachtacht,

[48] Rialachán (AE) Uimh. 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma, agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).

[49] Rialachán (AE) Uimh. 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí tromshaothair nua agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) Uimh. 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202) ón gComhairle

athghiniúint agus marthanacht córas bunaidh agus córas athsholáthair rialaithe truaillithe; (x) modhanna chun bearta slándála a áirithiú agus measúnú a dhéanamh orthu, lena n- áirítear anailís leochaileachta agus cosaint fhrithchrioscaíola; (xi) modhanna chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú ceart cineálacha a cheadaítear faoi ainmniúcháin shonracha EURO7; (xii) critéir do chineálcheaduithe astaíochtaí le haghaidh monaróirí ísealtáirgeachta agus ultrai- ísealtáirgeachta; (xiii) seiceálacha agus nósanna imeachta tástála maidir le feithiclí ilchéimneacha; (xiv) ceanglais feidhmíochta maidir le trealamh tástála; (xv) sonraíocht breoslaí tagartha; agus (xvi) modhanna chun measúnú a dhéanamh ar easpa feistí sáraithe agus straitéisí uathmhaolaithe; (xvii) chun scríobadh bonn a thomhas, chomh maith le (xviii) formáid pas feithicle comhshaoil, sonraí agus modh cumarsáide shonraí an phas feithicle comhshaoil. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50].

(22) Chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú nó a fhorlíonadh, de réir mar is iomchuí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le dálaí tástála bunaithe ar shonraí a bhailítear le linn tástáil ar fheithiclí, coscáin nó boinn Euro 7; ceanglais tástála, go háirithe dul chun cinn teicniúil agus sonraí a bhailítear le linn tástáil ar fheithiclí Euro 7 á gcur san áireamh; tabhairt isteach roghanna agus ainmniúchán feithiclí bunaithe ar theicneolaíochtaí nuálacha do mhonaróirí ach lena leagtar amach teorainneacha astaíochtaí ar cháithníní ó choscáin agus teorainneacha scríobtha le haghaidh cineálacha bonn comh maith le híoscheanglais feidhmíochta ceallraí agus iolraitheoirí marthanachta bunaithe ar shonraí a bhailítear le linn tástáil ar fheithiclí Euro 7 agus lena leagtar amach sainmhínithe agus rialacha speisialta do mhonaróirí ísealtáirgeachta i gcás feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n- áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[51]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(23) Ar mhaithe le soiléireacht, le réasúnaíocht agus le simpliú, ós rud é go dtugtar na rialacha maidir le cineálcheadú astaíochtaí mótarfheithicil agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe d'fheithiclí den sórt sin cothrom le dáta sa Rialachán seo agus go gcuimsítear iad sa Rialachán seo, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (CE) Uimh. 715/2007 a aisghairm, agus ba cheart an Rialachán seo a chur ina n- ionad.

(24) Nuair is gá sonraí pearsanta a phróiseáil mar thoradh ar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó

50 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

51 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1..

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52] agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53], agus i gcomhréir leis na bearta náisiúnta cur chun feidhme lena mbaineann.

(25) Tá sé tábhachtach go leor ama a thabhairt do Bhallstáit, d'údaráis chineálcheadaithe náisiúnta agus d'oibreoirí eacnamaíocha ullmhú i gcomhair fheidhmiú na rialacha nua a thabharfar isteach leis an Rialachán seo. Ba cheart an dáta cur i bhfeidhm a chur siar, dá bhrí sin. Cé gur cheart an dáta cur i bhfeidhm i gcás feithiclí saothair éadroim a bheith ann a luaithe is féidir go teicniúil, i gcás feithiclí agus leantóirí tromshaothair, féadtar moill dhá bhliain a chur ar an dáta cur i bhfeidhm toisc go mbeidh níos mó ama i gceist leis an aistriú chuig feithiclí atá saor ó astaíochtaí i gcás feithiclí tromshaothair.

(26) Maidir le cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon rialacha comhchuibhithe maidir le ceanglais riaracháin agus ceanglais theicniúla a leagan síos maidir le cineálcheadú feithiclí nua de chatagóirí M agus N, agus maidir le cineálcheadú córas, comhpháirteanna, agus aonad teicniúil ar leithligh, agus faireachas margaidh ar na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna, agus na haonaid theicniúla ar leithligh den sórt sin, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialachán seo i ndáil le hastaíochtaí a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, de bharr a bhfairsinge agus a n- éifeachtaí, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I – Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Suitear sa Rialachán seo ceanglais theicniúla choiteanna agus forálacha riaracháin le haghaidh chineálcheadú astaíochtaí mótarfheithiclí agus faireachas margaidh ar mótarfheithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh, i ndáil lena n- astaíochtaí $CO_2$ agus astaíochtaí truailleán, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh agus marthanacht ceallraí.

2. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha le haghaidh an chineálcheadaithe astaíochtaí tosaigh, comhréireacht táirgeachta, comhréireacht inseirbhíse, faireachas margaidh, marthanacht na gcóras rialaithe truaillithe agus batairí tarraingthe, córais faireacháin ar bord, soláthar slándála chun crioscaíl a theorannú agus bearta cibearshlándála, agus cinneadh cruinn astaíochtaí $CO_2$, an raoin leictrigh, ídithe breosla agus ídithe fuinnimh agus na héifeachtúlachta fuinnimh.

---

[52] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[53] Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le mótarfheithiclí de chatagóirí $M_1$, $M_2$, $M_3$, $N_1$, $N_2$ agus $N_3$, chomh maith le leantóirí de chatagóirí $O_3$ agus $O_4$ mar a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/858, lena n- áirítear iad siúd a dearadh nó a tógadh i gcéim amháin nó níos mó, agus tá feidhm ag an Rialachán maidir le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha d'fheithiclí den sórt sin.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe i Rialachán (AE) 2018/858.

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'cineálcheadú astaíochtaí' cineálcheadú ón Aontas a chomhlíonann forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla an Rialacháin i ndáil lena n- astaíochtaí $CO_2$ agus truailleán, a n- ídiú breosla agus ídiú fuinnimh agus a marthanacht ceallraí;

(2) ciallaíonn 'cineálcheadú astaíochtaí tosaigh' nó 'ITEA' an chéad chéim de nós imeachta cineálcheadaithe astaíochtaí sula ndeonaíonn na húdaráis an deimhniú cineálcheadaithe astaíochtaí agus sula dtosaítear ar tháirgeadh na bhfeithiclí;

(3) ciallaíonn 'comhréireacht táirgeachta' nó 'CoP' na gníomhaíochtaí a dhéantar ar fheithiclí nua, aonaid theicniúla ar leithligh nó comhpháirteanna a roghnaítear ag áitreabh monaróra chun a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí a chuirtear ar an margadh na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo;

(4) ciallaíonn 'comhréireacht inseirbhíse' nó 'ISC' na gníomhaíochtaí a dhéantar ar fheithiclí atá i gcúrsaíocht chun na ceanglais mharthanachta a leagtar amach sa Rialachán seo a fhíorú;

(5) ciallaíonn 'inneall' foinse tiomána na feithicle;

(6) ciallaíonn 'astaíochtaí' astaíochtaí sceite agus astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad ó mhótarfheithicil;

(7) ciallaíonn 'astaíochtaí sceite' an astaíocht ó sceithphíopa na mótarfheithicle nó an innill ó na nithe a leanas: $CO_2$, comhdhúile gásacha, soladacha, leachtacha agus astaíochtaí ó chás an chromáin;

(8) ciallaíonn 'truailleáin ghásacha' astaíochtaí ó speicis cheimiceacha ghásacha, seachas $CO_2$;

(9) ciallaíonn 'astaíochtaí $CO_2$' nó '$CO_2$' astaíochtaí dé- ocsaíde carbóin ó sceithphíopa na mótarfheithicle nó an innill;

(10) ciallaíonn 'ocsaídí nítrigine' nó 'NOx' suim na n-ocsaídí nítrigine a astaítear ón sceithphíopa;

(11) ciallaíonn 'ábhar cáithníneach' nó 'PM' aon ábhar a astaítear ón sceithphíopa nó ó na coscáin agus a bhailítear ar mheáin scagaire;

(12) ciallaíonn 'ábhar cáithníneach atá níos lú ná 10 µm' nó '$PM_{10}$' ábhar cáithníneach ag a bhfuil trastomhas atá níos lú ná 10 µm;

(13) ciallaíonn 'líon cáithníní' nó 'PN' an líon iomlán cáithníní soladacha a astaítear ón sceithphíopa nó ó na coscáin;

(14) ciallaíonn 'líon cáithníní os cionn 10 nm' nó '$PN_{10}$' an líon iomlán cáithníní soladacha ag a bhfuil trastomhas atá níos mó ná 10 nm, nó atá cothrom leis, a astaítear ón sceithphíopa nó ó na coscáin;

(15) ciallaíonn 'aonocsaíd charbóin' nó 'CO' an aonocsaíd charbóin a astaítear ón sceithphíopa;

(16) ciallaíonn 'meatán' nó '$CH_4$' an meatán a astaítear ón sceithphíopa;

(17) ciallaíonn 'hidreacarbóin iomlána' nó 'THC' na hidreacarbóin iomlána a astaítear ón sceithphíopa;

(18) ciallaíonn 'hidreacarbóin neamh- mheatáin' nó 'NHMC' na hidreacarbóin iomlána a astaítear ón sceithphíopa seachas meatán;

(19) ciallaíonn 'gáis orgánacha neamh- mheatáin' nó 'NMOG' suim na hidreacarbón neamh- ocsaiginithe agus ocsaiginithe a astaítear ón sceithphíopa;

(20) ciallaíonn 'amóinia' nó '$NH_3$' an amóinia a astaítear ón sceithphíopa;

(21) ciallaíonn 'formaildéad' nó 'HCHO' an formaildéad a astaítear ón sceithphíopa;

(22) ciallaíonn 'TDCD' an timthriall tástála díomuan comhchuibhithe domhanda i gcomhréir le mír 7.2.1. d'Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiún Aontaithe;

(23) ciallaíonn 'TFCD' an timthriall tiomána foistine comhchuibhithe domhanda i gcomhréir le mír 7.2.2. d'Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiún Aontaithe;

(24) ciallaíonn 'uirlis ríomha ídithe fuinnimh feithicle' nó 'VECTO' uirlis ionsamhlúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla, ídiú an fhuinnimh leictrigh agus an raon leictreach ó fheithiclí tromshaothair a chinneadh; ciallaíonn 'ídiú fuinnimh' ídiú an fhuinnimh leictrigh ó na foinsí tiomána uile laistigh d'fheithicil;

(25) ciallaíonn 'ídiú breosla' an t- ídiú breosla ó na foinsí tiomána uile laistigh d'fheithicil;

(26) ciallaíonn 'astaíochtaí galaithe' an ghal hidreacarbóin a astaítear as córas breosla feithicle seachas an ghal a thagann ó astaíochtaí sceite;

(27) ciallaíonn 'astaíochtaí ó chás an chromáin' na truailleáin ghásacha a astaítear as spásanna san inneall, nó na spásanna seachtracha de chuid innill, atá i gceangal le humar na hola trí dhuchtanna inmheánacha nó seachtracha;

(28) ciallaíonn 'astaíochtaí cáithníní ó choscáin' na cáithníní a astaítear as córas coscáin feithicle;

(29) ciallaíonn 'scríobadh bonn' mais an ábhair a chailltear ón mbonn de bharr an phróisis scríobtha agus a astaítear sa timpeallacht;

(30) ciallaíonn 'astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad' astaíochtaí galaithe, scríobadh bonn, agus astaíochtaí ó choscáin;

(31) ciallaíonn 'astaíochtaí truailleán' astaíochtaí sceite agus astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad seachas $CO_2$;

(32) ciallaíonn 'feiste rialaithe truaillithe' na feistí sin d'fheithicil lena rialaítear nó lena dteorannaítear astaíochtaí truailleán;

(33) ciallaíonn 'córais rialaithe truaillithe' na feistí rialaithe truaillithe sin a fheistítear i bhfeithicil, lena n- áirítear na haonaid rialaithe agus bogearraí uile lena rialaítear a n- úsáid;

(34) ciallaíonn 'córais bhunaidh rialaithe truaillithe' córas rialaithe truaillithe nó cóimeáil córas den sórt sin a chumhdaítear leis an gcineálcheadú arna dheonú i leith na feithicle lena mbaineann;

(35) ciallaíonn 'córais athsholáthair rialaithe truaillithe' córas rialaithe truaillithe nó cóimeáil córas den sórt sin atá ceaptha lena chur in ionad córais bhunaidh rialaithe truaillithe agus ar córas é is féidir a cheadú mar aonad teicniúil ar leithligh;

(36) ciallaíonn 'feidhm rialaithe oiriúnaithigh' córas a choigeartaíonn inneall, córais rialaithe truaillithe nó paraiméadair feithicle eile agus é de chuspóir aige ídiú breosla nó ídiú fuinnimh agus éifeachtacht an chórais rialaithe truaillithe a fheabhsú bunaithe ar úsáid ionchasach na feithicle;

(37) ciallaíonn 'córas diagnóisice ar bord' nó 'OBD' córas lenar féidir faisnéis diagnóisice ar bord feithicle a ghiniúint, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 49, de Rialachán (AE) 2018/858 agus atá in ann an fhaisnéis sin a chur in iúl trí phort an chórais diagnóisice ar bord agus thar an líonra;

(38) ciallaíonn 'córas faireacháin ar bord' nó 'OBM' córas ar bord feithicle atá in ann sáruithe astaíochtaí a bhrath nó córas atá in ann a bhrath má tá feithicil i mód astaíochtaí nialasacha más infheidhme, agus córas atá in ann tarlú sáruithe den sórt sin a chur in iúl trí bhíthin faisnéis a stóráiltear san fheithicil agus trí bhíthin an fhaisnéis sin a chur in iúl trí phort an chórais diagnóisice ar bord agus thar an líonra;

(39) ciallaíonn 'feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh' nó 'feiste OBFCM' aon bhogearra nó aon chrua- earra lena mbraitear agus lena- úsáidtear fuinneamh feithicle, innill, breosla nó leictreach agus paraiméadair pálasta/maise chun na sonraí maidir le hídiú breosla agus ídiú fuinnimh agus paraiméadair eile atá ábhartha i ndáil le cinneadh ídiú breosla nó ídiú fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh na feithicle a chinneadh agus a stóráil san fheithicil;

(40) ciallaíonn 'feiste sáraithe' aon bhogearra nó aon chrua- earra lena mbraitear teocht, luas feithicle, luas innill, giar traiseolta, folús iolracháin nó aon pharaiméadar eile chun aon chuid den chóras rialaithe truailleán a ghníomhachtú, a mhodhnú, a mhoilliú nó a dhíghníomhachtú chun éifeachtacht an chórais rialaithe truaillithe a laghdú nuair a thiomáintear an fheithicil;

(41) ciallaíonn 'straitéis uathmhaolaithe' straitéis lena laghdaítear éifeachtacht na rialuithe truailleán faoi dhálaí comhthimpeallacha oibrithe nó faoi dhálaí oibrithe innill atá ann i rith oibriú feithicle nó lasmuigh de na nósanna imeachta tástála cineál- cheadaithe nó straitéis lena mbréagnaítear sonraí a bhaineann le braiteoirí, ídiú breosla nó ídiú fuinnimh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí;

(42) ciallaíonn 'astaíochtaí fíorthiomána' nó 'RDE' astaíochtaí feithicle faoi ghnáthdhálaí tiomána agus dálaí leathnaithe mar a shonraítear i dTáblaí 1 agus 2 d'Iarscríbhinn III;

(43) ciallaíonn 'odaiméadar' uirlis lena léirítear an fad iomlán a tiomáineadh san fheithicil ó táirgeadh í;

(44) ciallaíonn ‘crioscaíl’ díghníomhú, nó modhnú oibreoirí eacnamaíocha nó oibreoirí neamhspleácha, an innill, fheiste agus chóras rialaithe truaillithe na feithicle, an chórais tiomána, an bhataire tarraingthe, an odaiméadair, na feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh nó an chórais diagnóisice ar bord/an chórais faireacháin ar bord agus a sonraí;

(45) ciallaíonn ‘saoráid táirgeachta féin’ monarcha monaraíochta nó cóimeála a úsáideann an monaróir chun feithiclí nua a mhonarú nó a chóimeáil don mhonaróir sin, lena n- áirítear, i gcás inarb ábhartha, feithiclí nach bhfuil beartaithe d’onnmhairiú;

(46) ciallaíonn ‘ionad dearthóireachta féin’ saoráid ina ndeartar agus ina bhforbraítear an fheithicil iomlán, agus saoráid atá á rialú agus á húsáid ag an monaróir;

(47) ciallaíonn ‘monaróir ísealtáirgeachta’ monaróir a mhonaraíonn níos lú ná 10 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $M_1$ nó 22 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $N_1$ a chláraítear san Aontas in aghaidh na bliana féilire agus:

(a) nach cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é; nó

(b) atá ina chuid de ghrúpa monaróirí bainteacha atá freagrach as líon iomlán is lú ná 10 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $M_1$ nó 22 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $N_1$ a chláraítear san Aontas in aghaidh na bliana féilire; nó

(c) ar cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é ach a oibríonn a shaoráidí táirgeachta féin agus a ionad dearthóireachta féin;

(48) ciallaíonn ‘monaróir ultrai- ísealtáirgeachta’ monaróir ísealtáirgeachta a mhonaraíonn níos lú ná 1 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $M_1$ nó níos lú ná 1 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $N_1$ a chláraítear san Aontas sa bhliain féilire roimhe sin;

(49) ciallaíonn ‘feithicil faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh’ nó ‘ICEV’ feithicil inar innill dócháin inmheánaigh, lena n- áirítear iad siúd a chumhachtaítear le hidrigin, iad na tiontairí fuinnimh tiomána ar fad;

(50) Ciallaíonn ‘feithicil lánleictreach’ nó 'PEV' mótarfheithicil atá feistithe le gléasra cumhachta inar meaisíní leictreacha go heisiach iad na tiontairí fuinnimh tiomána agus inar córais stórála fuinnimh leictrigh in- athluchtaithe go heisiach iad na córais stórála fuinnimh tiomána;

(51) ciallaíonn ‘breosla- chill’ tiontaire fuinnimh a aistríonn fuinneamh ceimiceach (ionchur) ina fhuinneamh leictreach (aschur) nó a mhalairt;

(52) ciallaíonn ‘feithicil bhreosla- chille’ nó (‘FCV’) feithicil ag a bhfuil gléasra cumhachta ina bhfuil breosla- chill/breosla- chealla agus meaisín(í) leictreach(a) go heisiach mar thiontaire/thiontairí fuinnimh tiomána;

(53) ciallaíonn ‘feithicil bhreosla- chille hibrideach’ nó (‘FCHV’) feithicil bhreosla- chille ag a bhfuil gléasra cumhachta ina bhfuil córas stórála fuinnimh breosla amháin ar a laghad agus córas stórála fuinnimh leictrigh in- athluchtaithe amháin ar a laghad mar chórais stórála fuinnimh tiomána;

(54) ciallaíonn ‘feithicil hibrideach’ nó ‘HV’ feithicil ag a bhfuil gléasra cumhachta ina bhfuil dhá chatagóir dhifriúla ar a laghad de thiontairí fuinnimh tiomána agus dhá chatagóir dhifriúla ar a laghad de chórais stórála fuinnimh;

(55) Ciallaíonn 'feithicil leictreach hibrideach' (HEV) feithicil hibrideach inar meaisín leictreach é ceann amháin de na tiontairí fuinnimh tiomána;

(56) ciallaíonn 'feithicil leictreach hibrideach le luchtú seachtrach' nó 'OVC-HEV' feithicil leictreach hibrideach ar féidir a luchtú ó fhoinse sheachtrach;

(57) ciallaíonn 'feithicil leictreach hibrideach le luchtú neamhsheachtrach' nó 'NOVC- HEV' feithicil a bhfuil dhá thiontaire fuinnimh dhifriúla inti agus dhá chóras stórála fuinnimh dhfiriúla a úsáidtear chun an fheithicil a thiomáint agus nach féidir a luchtú ó fhoinse sheachtrach;

(58) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí geofhálúcháin' teicneolaíochtaí nach gceadaíonn d'fheithicil hibrideach oibriú gan inneall dócháin inmheánaigh (i.e. mód astaíochtaí nialasacha a chumasú) nuair a thiomáintear laistigh de limistéar geografach sonrach í;

(59) ciallaíonn 'mód astaíochtaí nialasacha' mód inroghnaithe, lena dtiomáintear feithicil hibrideach gan úsáid an innill dócháin inmheánaigh;

(60) ciallaíonn 'glanchumhacht' an chumhacht a fhaightear ar bhinse tástála ag deireadh na cromfhearsaide nó a coibhéise ag luas comhfhreagrach an innill nó an mhótair leis na cúntóirí agus a chinntear faoi dhálaí tagartha atmaisféir;

(61) ciallaíonn 'rothchumhacht' an chumhacht a thomhaistear ag rothaí feithicle agus a úsáidtear chun í a thiomáint;

(62) ciallaíonn 'cóimheas idir cumhacht agus mais' an cóimheas idir an chumhacht rátaithe agus mais na feithicle in ord reatha;

(63) ciallaíonn 'cumhacht rátaithe' nó '$P_{\text{rátaithe}}$' glanchumhacht uasta an innill nó an mhótair in kW;

(64) Ciallaíonn 'mais na feithicle in ord reatha' mais na feithicle, agus a humar breosla nó a humair bhreosla líonta ag ar a laghad 90 % dá dtoilleadh, lena n- áirítear mais an tiománaí, an bhreosla agus na leachtanna, agus í feistithe leis an trealamh caighdeánach i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra agus, nuair atá siad feistithe, mais an chabhalra, an chábáin, an chúpláin agus an rotha/na rothaí breise, chomh maith leis na huirlisí;

(65) ciallaíonn 'bataire tarraingthe' córas ceallra lena stóráiltear fuinneamh agus é de phríomhchuspóir aige an fheithicil a thiomáint;

(66) ciallaíonn 'raon leictreach' an fad a thaistealaítear faoi dhála oibríochta ídithe luchtaithe go dtí go mbeidh an bataire tarraingthe ídithe;

(67) ciallaíonn 'raon astaíochtaí nialasacha' an fad uasta a fhéadann feithicil saor ó astaíochtaí taisteal go dtí go mbeidh an bataire tarraingthe nó an t- umar breosla ídithe, rud a chomhfhreagraíonn don raon leictreach i gcás PEVanna;

(68) ciallaíonn 'marthanacht' cumas córais nó feiste, comhpháirte nó aon chuid d'fheithicil chun an fheidhmíocht a éilítear a choinneáil ar bun le linn tréimhse áirithe ama;

(69) ciallaíonn 'marthanacht ceallraí' marthanacht bataire tarraingthe a thomhaistear i dtéarmaí a Staide Sláinte;

(70) ciallaíonn 'staid sláinte' nó 'SOH' staid thomhaiste nó mheasta méadraigh shonraigh feidhmíochta feithicle nó bataire tarraingthe tráth sonrach ina shaolré, arna léiriú mar chéatadán den fheidhmíocht a cinneadh nuair a deimhníodh é nó nuair a bhí sé nua;

(71) ciallaíonn ‘pas feithicle comhshaoil’ nó ‘EVP’ taifead ar fhoirm pháipéir agus dhigiteach a bhfuil faisnéis maidir le feidhmíocht chomhshaoil feithicle tráth a clárúcháin, lena n- áirítear an leibhéal teorainneacha astaíochtaí truailleán, astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla, ídiú fuinnimh, raon leictreach agus cumhacht innill, agus marthanacht ceallraí agus luachanna gaolmhara eile;

(72) ciallaíonn ‘córas rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí iomarcacha’ córas a dearadh, a tógadh agus a feistíodh i bhfeithicil chun faisnéis a sholáthar don úsáideoir maidir le hastaíochtaí iomarcacha agus deisiúcháin a fhorfheidhmiú;

(73) ciallaíonn ‘córas rabhaidh don tiománaí maidir le leibhéal íseal imoibrí’ córas a dearadh, a tógadh agus a feistíodh i bhfeithicil chun rabhadh a thabhairt don úsáideoir maidir le leibhéal íseal an imoibrí inchaite, agus úsáid an imoibrí a fhorfheidhmiú;

(74) ciallaíonn ‘astaíochtaí réchasta’ astaíochtaí sceite a tháirgtear nuair a oibríonn an t- inneall dócháin inmheánaigh ach nuair nach mbíonn sé faoi ualach chun an fheithicil a thiomáint;

(75) ciallaíonn ‘dearbhú comhréireachta’ dearbhú ón monaróir go bhfuil cineál nó grúpa sonrach feithiclí, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir le ceanglais an rialacháin seo

(76) ciallaíonn ‘éifeachtúlacht fuinnimh leantóra’ feidhmíocht leantóra i ndáil lena thionchar ar astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh, raon astaíochtaí nialasacha, raon leictreach agus cumhacht innill mótarfheithicle tarraingthe;

(77) ciallaíonn "bonn sneachta" bonn a bhfuil an pátrún tráchta, an cumasc tráchta nó an struchtúr atá aige deartha go príomha chun feidhmíocht a bheadh níos fearr ná feidhmíocht gnáthbhoinn a bhaint amach faoi dhálaí sneachta maidir lena chumas chun gluaisne na feithicle a thosú nó a choimeád ar bun;

(78) ciallaíonn "bonn úsáide speisialta" bonn atá beartaithe le haghaidh úsáide measctha, is é sin, úsáid ar an mbóthar agus úsáid eisbhóthair nó le haghaidh saothair speisialta eile. Deartar na boinn sin chun gluaiseacht na feithicle a thionscnamh agus a choinneáil ar bun i ndálaí easbhóthair go príomha.

# CAIBIDIL II – Oibleagáidí na monaróirí

*Airteagal 4*

**Oibleagáidí na monaróirí maidir le tógáil feithiclí**

1. Áiritheoidh na monaróirí go bhfuil na feithiclí nua a mhonaróidh siad, a dhíolfar, a chlárófar nó a chuirfear i seirbhís san Aontas cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo. Áiritheoidh na monaróirí go bhfuil na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla ar leithligh nua, lena n- áirítear innill, batairí tarraingthe, córais choscáin agus córais athsholáthair rialaithe truaillithe, a n- éilítear cineálcheadú ina leith, a mhonaróidh siad, a dhíolfar nó a chuirfear i seirbhís san Aontas cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo

2. Déanfaidh monaróirí feithiclí a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil ionas go mbeidh siad i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n- áirítear comhlíonadh na dteorainneacha astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus go n- urramófar na luachanna a dhearbhaítear sa deimhniú comhréireachta agus sa doiciméadacht chineálcheadaithe go ceann shaolré na bhfeithiclí mar a leagtar amach i dtábla 1 d’Iarscríbhinn IV. Ainmneofar na feithiclí seo mar fheithiclí “Euro 7”.

3. Le linn chomhlíonadh na dteorainneacha astaíochtaí sceite a fhíorú, i gcás ina ndéantar tástáil faoi dhálaí tiomána sínte, roinnfear na hastaíochtaí faoin roinnteoir tiomána sínte a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Áireofar na hastaíochtaí le linn athghiniúna córas rialaithe truaillithe mar mheán ualaithe bunaithe ar mhinicíocht agus fad na dteagmhas athghiniúna.

4. Dearfaidh agus tógfaidh monaróirí comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh, lena n- áirítear innill, bataiví tarraingthe, córais choscáin agus córais athsholáthair rialaithe truaillithe ionas go gcomhlíonfaidh siad an Rialachán seo, lena n- áirítear na teorainneacha astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

5. Ní dhéanfaidh monaróirí feithiclí a bhfuil feistí sáraithe nó straitéisí uathmhaolaithe a dhearadh, a thógáil nó a chóimeáil.

6. Dearfaidh, tógfaidh agus cóimeálfaidh monaróirí feithiclí de chatagóirí $M_1$, $M_2$, $M_3$, $N_1$, $N_2$ agus $N_3$ ina bhfuil:

(a) córais diagnóisice ar bord atá in ann córais mhífheidhmiúla a bhrath, rud as a n- eascraíonn astaíochtaí sáraitheacha, chun deisiúcháin a éascú;

(b) córais faireacháin ar bord atá in ann astaíochtaí os cionn na dteorainneacha astaíochtaí a bhrath de bharr mífheidhmeanna, díghrádú méadaithe nó cásanna eile ina dtagann méadú ar astaíochtaí;

(c) feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh chun faireachán a dhéanamh ar an bhfíor- ídiú breosla agus fuinnimh agus paraiméadair ábhartha eile amhail pálasta/mais a bhfuil gá leo chun an fhíor- éifeachtúlacht breosla agus fuinnimh a chinneadh;

(d) monatóirí ar staid sláinte an bhataire tarraingthe agus na gcóras astaíochtaí;

(e) córas rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí iomarcacha;

(f) córas rabhaidh don tiománaí maidir le leibhéal íseal imoibrí;

(g) feistí lena gcuirtear in iúl sonraí arna nginiúint ag an bhfeithicil a úsáidtear chun an rialachán seo agus sonraí na feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh a chomhlíonadh, chun críoch tástálacha tráthrialta maidir le ródacmhainneacht agus cigireachtaí teicniúla cois bóthair thar an líonra, agus chun críoch cumarsáid a dhéanamh leis an mbonneagar athluchtaithe agus na córais chumhachta suite atá in ann tacú le feidhmíocht luchtaithe chliste agus dhéthreoch.

7. Dearfaidh, tógfaidh agus cóimeálfaidh monaróirí feithiclí de chatagóirí $M_1$, $M_2$, $M_3$, $N_1$, $N_2$ agus $N_3$ ar bhealach chun leochaileachtaí a íoslaghdú, cinn a thagann chun cinn i gcéimeanna uile a saolré, agus as a bhféadfaidh crioscaíl leis na nithe a leanas eascairt:

(a) córas insteallta breosla agus imoibrí,

(b) an t- inneall agus aonaid rialaithe innill

(c) bataiví tarraingthe,

(d) odaiméadar agus

(e) córais rialaithe truaillithe.

8. Cuirfidh an monaróir cosc leis an bhféidearthacht go ndéanfaí leochaileachtaí dá dtagraítear i mír 7 a dhúshaothrú. Nuair a aimsítear leochaileacht den sórt sin,

bainfidh an monaróir an leochaileacht, le nuashonrú bogearraí nó ar bhealach iomchuí eile.

9. Áiritheoidh na monaróirí tarchur slán sonraí a bhaineann le hastaíochtaí agus marthanacht ceallraí trí bhearta cibearshlándála a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán 155 ó na Náisiúin Aontaithe[54].

10. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta, tástálacha agus modheolaíochtaí chun a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i míreanna 1 go 9. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

*Airteagal 5*

**Roghanna na monaróirí maidir le tógáil agus ainmniú feithiclí**

1. Féadfaidh monaróirí na feithiclí a mhonaraíonn siad mar "Feithicil Euro 7+" i gcás ina gcomhlíonann na feithiclí sin an méid a leanas:

(a) i gcás ICEV agus NOVC- HEV trí bhíthin a dhearbhú go gcomhlíontar teorainneacha astaíochtaí atá ar a laghad 20 % níos ísle ná iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh truailleáin ghásacha agus ord méide amháin níos ísle ná teorainneacha astaíochtaí le haghaidh astaíochtaí líon cáithníní;

(b) i gcás OVC- HEV trí bhíthin a dhearbhú go gcomhlíontar teorainneacha astaíochtaí atá ar a laghad 20 % níos ísle ná iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh truailleáin ghásacha, ord méide amháin níos ísle ná teorainneacha astaíochtaí le haghaidh astaíochtaí líon cáithníní agus marthanacht ceallraí atá 10 bpointe céatadáin ar a laghad níos airde ná na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

(c) i gcás PEV trí bhíthin a dhearbhú go bhfuil marthanacht ceallraí 10 bpointe céatadáin ar a laghad níos airde ná na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. Déanfar comhlíontacht na bhfeithiclí sin i ndáil leis na ceanglais faoi mhír 1 a sheiceáil in aghaidh na luachanna dearbhaithe.

3. Féadfaidh monaróirí feithiclí a ainmniú mar "Feithicil Euro 7A" i gcás ina bhfuil na feithiclí sin feistithe le feidhmeanna rialaithe oiriúnaithigh. Léireofar úsáid na bhfeidhmeanna rialaithe oiriúnaithigh do na húdaráis chineálcheadaithe le linn cineálcheadú agus déanfar iad a fhíorú le linn shaolré na feithicle mar a leagtar amach i dtábla 1, Iarscríbhinn IV.

4. Féadfaidh monaróirí feithiclí a ainmniú mar "Feithicil Euro 7G" i gcás ina bhfuil na feithiclí sin feistithe le innill dócháin inmheánaigh ag a bhfuil teicneolaíochtaí geofhálúcháin. Feisteoidh an monaróir córas rabhaidh don tiománaí ar na feithiclí sin chun an t- úsáideoir a chur ar an eolas nuair a bhíonn na batairí tarraingthe nach mór folamh agus chun an fheithicil a stad mura luchtaítear í laistigh de 5 km ón gcéad

54 Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le mótarfheithiclí a cheadú a mhéid a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus le córas um bainistiú cibearshlándála (IO L 82, 9.3.2021, lch. 30).

rabhadh nuair atáthar sa mhód astaíochtaí nialasacha. Féadfar cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí geofhálúcháin den sórt sin a fhíorú le linn shaolré na feithicle.

5. Féadfaidh monaróirí feithiclí a thógáil trí dhá shaintréith nó níos mó dá dtagraítear i míreanna 1, 2, nó 3 a chur le chéile, agus féadfaidh na monaróirí iad a ainmniú ag úsáid meascán de shiombailí agus litreacha amhail feithiclí "Euro 7+A", "Euro 7+G", "Euro 7+AG" nó "Euro 7AG".

6. Arna iarraidh sin don mhonaróir, féadfaidh an t- údarás cineálcheadaithe cineálcheadú astaíochtaí a dheonú le haghaidh feithicil de chineál $N_1$ i gcás feithiclí $N_2$ ag a bhfuil uasmhais idir 3.5 agus 4.0 tona de thionscnamh feithicil de chineál $N_1$. Ainmneofar feithiclí den sórt sin mar "Feithicil Euro 7ext".

7. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta, tástálacha agus modheolaíochtaí chun a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i míreanna 1 go 6. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

*Airteagal 6*

**Ceanglais mharthanachta d'fheithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh**

1. Maidir leis na feithiclí a mhonaraíonn siad, feithiclí a dhíoltar, a chláraítear nó a chuirtear i seirbhís san Aontas, áiritheoidh monaróir go gcomhlíonann na feithiclí sin na teorainneacha astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I nuair a thiomáintear iad faoi ghnáthdhálaí tiomána agus dálaí sínte tiomána mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, go ceann shaolré na feithicle mar a leagtar amach i dtábla 1 d'Iarscríbhinn IV, agus go gcomhlíonann siad na híoscheanglais feidhmíochta maidir le marthanacht ceallraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. Áiritheoidh na monaróirí go gcomhlíonann na feithiclí sin na luachanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh a dhearbhaítear faoi fhorálacha an Rialachán seo go ceann shaolré na feithicle mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, Tábla 1.

3. Áiritheoidh na monaróirí go gcomhlíonann feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh, feistí diagnóisice ar bord agus feistí faireacháin ar bord agus bearta frithchrioscaíola a fheistítear sna feithiclí sin forálacha an Rialacháin seo a fhad a bhíonn an fheithicil in úsáid.

4. Beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i bpointí 1 go 3 maidir le feithiclí i gcás na gcineálacha breoslaí nó na bhfoinsí fuinnimh uile lena ndéantar iad a chumhachtú. Beidh feidhm ag na ceanglais chéanna maidir leis na haonaid theicniúla ar leithligh agus na comhpháirteanna uile atá beartaithe d'fheithiclí den sórt sin.

5. Chun comhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear sa chéad mhír le linn shaolré breise feithicle a fhíorú, déanfar na teorainneacha astaíochtaí truailleán gásach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a choigeartú trí iolraitheoirí marthanachta, a leagtar amach i dtábla 2 d'Iarscríbhinn IV, a úsáid.

6. Beidh na córais faireacháin ar bord arna bhfeistiú ag an monaróir sna feithiclí in ann an méid a leanas a dhéanamh:

   (a) méid agus fad na n- astaíochtaí sáraitheacha uile a chlárú;

(b) na sonraí maidir le hiompraíocht astaíochtaí na feithicle, lena n- áirítear an braiteoir truailleán agus sonraí an tsreafa sceite a chur in iúl trí phort an chórais diagnóisice ar bord agus thar an líonra, lena n- áirítear chun críoch tástálacha maidir le ródacmhainneacht agus cigireachtaí teicniúla cois bóthair[55][56];

(c) deisiú na feithicle a spreagadh nuair a thugann an córas rabhaidh don tiománaí fógra maidir le hastaíochtaí atá thar a bheith iomarcach.

7. Beidh na feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh arna bhfeistiú ag an monaróir sna feithiclí in ann na sonraí feithicle a thaifeadann siad trí phort an chórais diagnóisice ar bord agus thar an líonra a chur in iúl.

8. Maidir le feithiclí, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a bhfuil baol láidir ann nach gcomhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar síos sa rialachán seo, déanfaidh na monaróirí na bearta ceartaitheacha is gá láithreach, lena n- áirítear deisiúcháin nó modhnuithe na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n- aonad teicniúil ar leithligh sin de réir mar is iomchuí, chun comhlíonadh an rialacháin seo a áirithiú. Déanfaidh monaróirí nó aon oibreoir eacnamaíoch eile é a tharraingt siar ón margadh nó déanfaidh siad é a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Cuirfidh an monaróir an t- údarás cineálcheadaithe a dheonaigh an cineálcheadú ar an eolas láithreach faoin neamh- chomhréireacht chomh maith le mionsonraí iomchuí.

9. Déanfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir le ceanglais, tástálacha, modhanna agus bearta ceartaitheacha a bhaineann leis na hoibleagáidí dá dtagraítear i míreanna 1 go 8 a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

*Airteagal 7*

**Oibleagáidí na monaróirí maidir le cineálcheadú astaíochtaí**

1. Chun a léiriú go gcomhlíontar na rialacha maidir le cineálcheadú astaíochtaí le linn cineálcheadú astaíochtaí, déanfaidh an monaróir na tástálacha a shonraítear i dtáblaí 1, 3, 5, 7 agus 9 d'Iarscríbhinn V. Chun comhréireacht na táirgeachta le ceanglais na Rialacháin seo a fhíorú, roghnófar feithiclí, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh ag áitreabh an mhonaróra de réir an údaráis cineálcheadaithe nó de réir an mhonaróra. Seiceálfar comhréireacht inseirbhíse le linn na dtréimhsí a shainordaítear i dtábla 1 d'Iarscríbhinn IV.

2. Cuirfidh an monaróir dearbhú sínithe comhréireachta faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe, dearbhú comhréireachta maidir le ceanglais i ndáil le RDE, $CO_2$, ceartú teochta comhthimpeallaí, córas diagnóisice ar bord, córas faireacháin ar bord, marthanacht astaíochtaí agus marthanacht ceallraí, athghiniúint leanúnach nó thimthriallta, frithchrioscaíl agus cás an chromáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn V. Cuirfidh an monaróir dearbhú sínithe comhréireachta faoi bhráid an

[55] Treoir 2014/47/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le cigireacht theicniúil cois bóthair ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála a bhíonn ag gluaiseacht san Aontas agus lena n- aisghairtear Treoir 2000/30/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 134).

[56] Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n- aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 129)

údaráis cineálcheadaithe, ceann maidir le húsáid rialuithe oiriúnaitheacha agus roghanna geofhálúcháin nuair a roghnaíonn an monaróir na roghanna sin.

3. Féadfaidh na húdaráis náisiúnta an cineál feithicle a thástáil chun a comhréireacht a fhíorú le linn comhréireachta táirgeachta, comhréireachta inseirbhíse nó faireachais margaidh mar a shonraítear in Iarscríbhinn V.

4. Eiseoidh na monaróirí an pas feithicle comhshaoil le haghaidh gach feithicle agus soláthróidh siad an pas do cheannaitheoir na feithicle in éineacht leis an bhfeithicil, ag baint na sonraí ábhartha as na foinsí amhail an deimhniú comhréireachta agus an doiciméadacht cineálcheadaithe. Áiritheoidh an monaróir go mbíonn sonraí an phas feithicle comhshaoil ar fáil lena dtaispeáint ar chórais leictreonacha na feithicle agus gur féidir iad a tharchur ó chóras ar bord go córas seachtrach.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos na fíoruithe tástála agus comhlíontachta chomh maith le nósanna imeachta a bhaineann le cineálcheadú astaíochtaí, comhréireacht táirgeachta, comhréireacht inseirbhíse, dearbhú comhréireachta agus pas feithicle comhshaoil faoi mhíreanna 1 go 4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

*Airteagal 8*

**Rialacha speisialta do mhonaróirí ísealtáirgeachta**

1. A mhéid a bhaineann le hastaíochtaí truailleán, féadfaidh monaróirí ísealtáirgeachta dearbhuithe comhréireachta a chur in ionad tástálacha a leagtar amach i dtáblaí 1, 3, 5, 7 agus 9 d'Iarscríbhinn V. Féadfar comhlíontacht feithiclí a thógann monaróirí ísealtáirgeachta agus a chuireann monaróirí ísealtáirgeachta ar an margadh a thástáil i leith comhréireachta inseirbhíse agus faireachais margaidh i gcomhréir le táblaí 2, 4, 6, 8 agus 10 d'Iarscríbhinn V. Ní éileofar tástálacha maidir le comhréireacht táirgeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(40), pointe (b) maidir le monaróirí ísealtáirgeachta.

2. Comhlíonfaidh monaróirí ultrai- ísealtáirgeachta na teorainneacha astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I i dtástálacha saotharlainne atá bunaithe ar thimthriallta randamacha fíorthiomána chun críocha comhréireachta inseirbhíse agus faireachais margaidh.

*Airteagal 9*

**Rialacha speisialta d'fheithiclí ilchéimneacha**

1. I gcás cineálcheaduithe ilchéimneacha, beidh monaróirí an dara céim nó céimeanna ina dhiaidh sin freagrach as cineálcheadú astaíochtaí i gcás ina modhnaíonn siad aon chuid den fheithicil sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'astaíochtaí nó do mharthanacht ceallraí, de réir na sonraí arna soláthar ag monaróirí na céime roimhe sin.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos ceanglais riaracháin agus sonraí atá le soláthar ag monaróirí na céime roimhe sin i gcomhréir le mír 1 agus nósanna imeachta maidir le cinneadh astaíochtaí $CO_2$ feithiclí den sórt sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

# Caibidil III – Oibleagáidí na mBallstát maidir le cineálcheadú astaíochtaí agus faireachas margaidh

*Airteagal 10*

**Cineálcheadú astaíochtaí, comhréireacht táirgeachta, comhréireacht inseirbhíse agus faireachas margaidh**

1. Cuirfidh údaráis cheadaithe náisiúnta bearta i bhfeidhm chun cineálcheaduithe astaíochta a dheonú do chineálacha feithiclí, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh agus chun tástálacha, seiceálacha agus cigireachtaí a dhéanamh chun a fhíorú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na monaróirí na ceanglais maidir le comhréireacht táirgeachta agus comhréireacht inseirbhíse i gcomhréir le hIarscríbhinn V.

2. Déanfaidh údaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh seiceálacha faireachais margaidh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/858 agus táblaí 2, 4, 6, 8 agus 10 d'Iarscríbhinn V.

3. Le héifeacht ón ... [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], i gcás ina n- iarrann monaróir amhlaidh, ní dhiúltóidh na húdaráis cheadaithe náisiúnta cineálcheadú astaíochtaí ón Aontas nó cineálcheadú astaíochtaí náisiúnta a dheonú i leith chineál nua feithicle nó innill, ná ní fhéadfaidh siad clárú nó cur i seirbhís feithicle nua a thoirmeasc i gcás ina gcomhlíonann an fheithicil an rialachán seo.

4. Le héifeacht ón 1 Iúil 2025, measfaidh na húdaráis náisiúnta, i gcás fheithiclí nua $M_1$, $N_1$ nach gcomhlíonann an Rialachán seo, nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha clárúcháin agus, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus truailleán, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh nó marthanacht ceallraí, beidh toirmeasc ar chlárú, ar dhíol agus ar chur i seirbhís na bhfeithiclí sin.

5. Le héifeacht ón 1 Iúil 2027, measfaidh na húdaráis náisiúnta, i gcás fheithiclí nua $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus leantóirí nua $O_3$, $O_4$, nach gcomhlíonann an Rialachán seo, nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha clárúcháin agus, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus truailleán, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh nó marthanacht ceallraí, beidh toirmeasc ar chlárú, ar dhíol agus ar chur i seirbhís na bhfeithiclí sin.

6. Le héifeacht ón 1 Iúil 2030, measfaidh na húdaráis náisiúnta, i gcás fheithiclí nua $M_1$, $N_1$ arna dtógáil ag monaróirí ísealtáirgeachta, feithiclí nach gcomhlíonann an Rialachán seo, nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha clárúcháin agus, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus truailleán, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh nó marthanacht ceallraí, beidh toirmeasc ar chlárú, ar dhíol agus ar chur i seirbhís na bhfeithiclí sin.

7. Le héifeacht ón 1 Iúil 2031, measfaidh na húdaráis náisiúnta, i gcás fheithiclí nua $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ arna dtógáil ag monaróirí ísealtáirgeachta, feithiclí nach gcomhlíonann an Rialachán seo, nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha clárúcháin agus, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus truailleán, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh nó marthanacht ceallraí, beidh toirmeasc ar chlárú, ar dhíol agus ar chur i seirbhís na bhfeithiclí sin.

8. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na heilimintí riaracháin agus teicniúla a éilítear chun tástálacha, seiceálacha agus cigireachtaí a

dhéanamh chun críocha chomhlíonadh mhír 1 a fhíorú, chomh maith leis na heilimintí teicniúla a éilítear le haghaidh seiceálacha faireachais margaidh faoi mhír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

*Airteagal 11*

**Oibleagáidí sonracha na mBallstát maidir le cineálcheadú astaíochtaí córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh**

1. Le héifeacht ón 1 Iúil 2025, beidh toirmeasc ar dhíol nó feistiú córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh atá le feistiú ar fheithicil $M_1$, $N_1$ a cheadaítear faoin Rialachán seo mura mbíonn an córas, an chomhpháirt ná an t- aonad teicniúil ar leithligh de chineál a cheadaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Le héifeacht ón 1 Iúil 2027, beidh toirmeasc ar dhíol nó feistiú córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh atá le feistiú ar fheithicil $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ a cheadaítear faoin Rialachán seo mura mbíonn an córas, an chomhpháirt ná an t- aonad teicniúil ar leithligh de chineál a cheadaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. Maidir le cineálcheaduithe astaíochtaí ón Aontas i ndáil le córas athsholáthair rialaithe truaillithe a deonaíodh roimh an rialachán seo, féadfaidh údaráis cheadaithe náisiúnta leanúint de shíntí a dheonú faoi na téarmaí a bhí i bhfeidhm tráth an chineálcheadaithe astaíochtaí bhunaidh. Toirmiscfidh údaráis náisiúnta díol córas athsholáthair rialaithe truaillithe den sórt sin agus toirmiscfidh siad a fheistiú ar fheithicil mura bhfuil siad cineálcheadaithe.

*Airteagal 12*

**Oibriú ceart córais ina n- úsáidtear imoibrí inchaite agus córas rialaithe truaillithe**

1. Ní dhéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha ná oibreoirí neamhspleácha crioscaíl i ndáil leis an bhfeithicil ná a córais.

2. Fíoróidh údaráis náisiúnta, le linn seiceálacha ar chomhréireacht inseirbhíse nó faireachas margaidh, cé acu a d’fheistigh nó nár fheistigh monaróirí feithiclí na córais rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí iomarcacha agus na córais rabhaidh don tiománaí maidir le leibhéal íseal imoibrí i gceart agus cé acu is féidir nó nach féidir crioscaíl a dhéanamh i ndáil leis na feithiclí.

# Caibidil IV

# Ról an Choimisiúin agus tríú páirtithe maidir le comhréireacht inseirbhíse agus faireachas margaidh

*Airteagal 13*

**Cur i bhfeidhm ceanglas tástála don Choimisiún agus tríú páirtithe**

1. Féadfaidh an Coimisiún nó tríú páirtithe, i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Airteagal 13(10) de Rialachán (AE) 2018/858, seiceálacha a dhéanamh ar chomhréireacht inseirbhíse agus faireachas margaidh a leagtar amach i

dTáblaí 2, 4, 6, 8, agus 10 d'Iarscríbhinn V, chun a fhíorú go gcomhlíonann feithiclí, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh an Rialachán seo.

2. Cuirfidh na monaróirí na sonraí a éilítear chun seiceálacha den sórt sin ar fáil don Choimisiún agus do thríú páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 9(5) agus Airteagal 13(10) de Rialachán (AE) 2018/858.

# Caibidil V

# Tástálacha agus dearbhuithe

*Airteagal 14*

**Nósanna imeachta agus tástálacha**

1. Áireofar sna nósanna imeachta do chineálcheadú astaíochtaí tástálacha agus seiceálacha chomh maith le cur i bhfeidhm nósanna imeachta riaracháin agus ceanglas doiciméadachta mar a shonraítear in Iarscríbhinn V. Maidir leis na ceanglais a shonraítear in Iarscríbhinn V, i gcás inarb infheidhme, cuirfidh an monaróir dearbhú comhréireachta faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe.

2. Maidir le tástálacha chun comhlíonadh cheanglais Airteagal 4 a chruthú, cuirfidh monaróirí agus údaráis náisiúnta i bhfeidhm iad mar a shonraítear in Iarscríbhinn V. Féadfaidh an Coimisiún agus tríú páirtithe tástálacha chun comhlíonadh cheanglais Airteagal 4 a chruthú de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn V freisin.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme le haghaidh chéimeanna uile an chineálcheadaithe astaíochtaí, lena n- áirítear comhréireacht táirgeachta, comhréireacht inseirbhíse agus faireachas margaidh, ag tabhairt aghaidh ar nósanna imeachta agus tástálacha le haghaidh cineálcheadú astaíochtaí, modheolaíochtaí tástálacha, forálacha riaracháin, leasú agus síneadh cineálcheaduithe astaíochtaí, rochtain ar shonraí, ceanglais maidir le doiciméadacht agus teimpléid do na nithe a leanas:

(a) feithiclí de chineál $M_1$, $N_1$;

(b) feithiclí de chineál $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$;

(c) innill a úsáidtear i bhfeithiclí de chineál $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$;

(d) córais diagnóisice ar bord agus faireacháin ar bord;

(e) córais frithchrioscaíola, slándála agus cibearshlándála;

(f) cineálacha córas athsholáthair rialaithe truaillithe agus a bpáirteanna;

(g) cineálacha córas coscáin agus a bpáirteanna athsholáthair;

(h) cineálacha bonn i ndáil le scríobadh bonn;

(i) cineálacha comhpháirteanna eile agus a bpáirteanna athsholáthair;

(j) cinneadh maidir le $CO_2$, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh, raon leictreach agus cumhacht innill i gcás feithiclí $M_1$, $N_1$, forálacha d'fheistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh;

(k) cinneadh maidir le $CO_2$, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh, raon astaíochtaí nialasacha, raon leictreach agus cumhacht innill i gcás feithiclí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$,

éifeachtúlacht fuinnimh leantóirí $O_3$, $O_4$ forálacha d'fheistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh.

4. Beidh sé ar chumas an Choimisiúin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh le haghaidh chéimeanna uile an chineálcheadaithe astaíochtaí lena n- áirítear comhréireacht inseirbhíse, comhréireacht táirgeachta agus faireachas margaidh, chun an méid a leanas a leagan síos:

(a) na modhanna chun astaíochtaí sceite a thomhas sa tsaotharlann agus ar an mbóthar, lena n- áirítear timthriallta tástála astaíochtaí fíorthiomána randamacha agus timthriallta tástála astaíochtaí fíorthiomána sa chás is measa, úsáid córas tomhais iniompartha astaíochtaí chun astaíochtaí fíorthiomána agus astaíochta réchasta a fhíorú;

(b) na modhanna chun astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh, raon astaíochtaí nialasacha, raon leictreach agus cumhacht innill mótarfheithicle a chinneadh;

(c) na modhanna, ceanglais agus sonraíochtaí teicniúla do ghiartháscairí;

(d) na modhanna chun éifeachtúlacht fuinnimh leantóirí $O_3$, $O_4$ a chinneadh;

(e) na modhanna chun astaíochtaí ó chás an chromáin a thomhas;

(f) na modhanna chun astaíochtaí galaithe a thomhas;

(g) na modhanna chun astaíochtaí cáithníní ó choscáin a thomhas, lena n- áirítear modhanna do HDV, astaíochtaí cáithníní fíorthiomána ó choscáin agus coscánú athghiniúnach;

(h) na modhanna chun scríobadh bonn a thomhas chun faireachán a dhéanamh ar rátaí scríobtha bonn;

(i) na modhanna chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht le híoscheanglais feidhmíochta maidir le marthanacht ceallraí;

(j) Feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh, córais OBD agus OBM, lena n- áirítear tairseacha comhlíontachta, ceanglais agus tástálacha feidhmíochta, modhanna chun feidhmíocht braiteoirí a áirithiú agus chun cumarsáid thar an líonra na sonraí a thaifeadann na feistí agus córais sin a áirithiú;

(k) saintréithe agus feidhmíocht chórais rabhaidh don tiománaí agus modhanna spreagtha agus modh chun measúnú a dhéanamh ar a n- oibriú ceart;

(l) na modhanna chun measúnú a dhéanamh ar oibriú ceart, éifeachtacht, athghiniúint agus marthanacht chórais bhunaidh agus chórais athsholáthair rialaithe truaillithe;

(m) modhanna chun na bearta slándála dá dtagraítear in Airteagal 4(5), lena n- áirítear an mhodheolaíocht don anailís leochaileachta agus do chosaint frithchrioscaíola a áirithiú agus a mheas;

(n) na critéir maidir le cineálcheaduithe astaíochtaí agus cur chun feidhme rialacha speisialta do mhonaróirí ísealtáirgeachta agus ultrai- ísealtáirgeachta a leagtar amach in Airteagal 8;

(o) na modhanna a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú ceart cineálacha feithiclí a fhormheastar faoi na hainmniúcháin in Airteagal 5

(p) seiceálacha maidir le comhlíontacht le forálacha Airteagal 9 (1) agus nósanna imeachta tástála maidir le feithiclí ilchéimneacha;

(q) ceanglais feidhmíochta maidir le trealamh tástála;

(r) sonraíochtaí breoslaí tagartha chun tástáil a dhéanamh;

(s) modhanna chun a shuí nach ann do ghairis sháraithe agus straitéisí uathmhaolaithe;

(t) modhanna chun scríobadh bonn a thomhas;

(u) formáid agus sonraí agus na modhanna cumarsáide thar an líonra don EVP;

(v) ceanglais riaracháin agus doiciméadacht maidir le cineálcheadú astaíochtaí;

(w) oibleagáidí tuairiscithe i gcás inarb iomchuí.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

*Airteagal 15*

**Oiriúnú don dul chun cinn teicniúil**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh chun iad a leanas a leasú:

(a) Iarscríbhinn III, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha tástála i gcás feithiclí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ , bunaithe ar shonraí arna mbailiú agus feithiclí Euro 7 á dtástáil;

(b) Iarscríbhinn III, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha tástála, bunaithe ar shonraí arna mbailiú agus coscáin nó boinn Euro 7 á dtástáil;

(c) Iarscríbhinn V, a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm ceanglas tástála agus dearbhuithe, bunaithe ar dhul chun cinn teicniúil;

(d) Airteagal 5 trí roghanna agus ainmniúcháin a thabhairt isteach bunaithe ar theicneolaíochtaí nuálacha do mhonaróirí.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh trí:

(a) teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin a leagan amach in Iarscríbhinn I mar thagairt don obair a dhéantar i bhFóram Domhanda na Náisiún Aontaithe um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí (WP29);

(b) teorainneacha scríobtha a leagan amach do chineálacha bonn in Iarscríbhinn I mar thagairt don obair a dhéantar i bhFóram Domhanda na Náisiún Aontaithe um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí (WP29);

(c) íoscheanglais feidhmíochta ceallraí a leagtar síos in Iarscríbhinn II a leagan amach mar thagairt don obair a dhéantar i bhFóram Domhanda na Náisiún Aontaithe um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí (WP29);

(d) iolraitheoirí marthanachta a leagan amach in Iarscríbhinn IV bunaithe ar shonraí arna mbailiú agus feithiclí Euro 7 $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ á dtástáil agus

tuarascáil ar mharthanacht feithiclí tromshaothair arna tíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle;

(e) sainmhínithe agus rialacha speisialta a leagan amach do mhonaróirí ísealtáirgeachta do chatagóirí feithiclí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ faoi Airteagal 3 agus Airteagal 8 den Rialachán seo.

# Caibidil VI- Forálacha Ginearálta

*Airteagal 16*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 15 a don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ó ... *[Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n- ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 17*

**Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh An Coiste Teicniúil — Mótarfheithiclí (TCMV) cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 18*

**Tuairisciú**

1. Faoin 1 Meán Fómhair 2030, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Faoin 1 Meán Fómhair 2031, ar bhonn na faisnéise a sholáthrófar i gcomhréir le mír 1, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

# Caibidil VI- Forálacha Críochnaitheacha

*Airteagal 19*

**Aisghairm Rialachán (CE) 715/2007 agus Rialachán (CE) 595/2009**

Aisghairtear Rialachán (CE) 715/2007 le héifeacht ón 1 Iúil 2025.

Aisghairtear Rialachán (CE) 595/2009 le héifeacht ón 1 Iúil 2027.

Déanfar tagairtí do Rialachán (CE) 715/2007 agus do Rialachán (CE) 595/2009 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI leis an Rialachán seo.

*Airteagal 20*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2025 maidir le feithiclí $M_1$, $N_1$ agus maidir le comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh do na feithiclí sin agus ón 1 Iúil 2027 maidir le feithiclí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus maidir le comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh do na feithiclí sin agus maidir le leantóirí $O_3$, $O_4$.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2030 maidir le feithiclí $M_1$, $N_1$ arna ndéanamh ag monaróirí ísealtáirgeachta.

D'ainneoin mhír 2, beidh feidhm ag Airteagal 11(3) ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

### 1.4. Cuspóir()í

*1.4.1. Cuspóir(í) ginearálta*

*1.4.2. Cuspóir(í) sonrach(a)*

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

### 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.5.2. Breisluach rannpháirtíocht an Aontais.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

### 1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

### 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chost- éifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann*

